GAISCE
THE PRESIDENT'S
AWARD

Gaisce

Tuarascáil Bhliantúil

2025



Eolas faoin gcuideachta

Stiúrthóirí
Áine Kerr, Cathaoirleach
An Dr. Norah Burns
Jennifer Gannon
A Dr. Ali Khan
Lydia Mendes (Gratis) (D'éirigh as 26.02.2026)
Adam Peerbux
Aoife Prendergast
Vincent Teo
Anna-Marie Turley
Dr. Shane Bergin
Orla Leahy (D'éirigh as 19.05.2025)
Eugene Farrelly

Pátrún Onórach
Caitríona Uí Chonghaile, Uachtarán na hÉireann

Príomhfheidhmeannach
Avril Ryan

Uimhir an Údaráis Rialála Carthanas
20020903

Uimhir Chláraithe na Cuideachta
CHY8482

Uimhir na Cuideachta
251020

Rúnaí na Cuideachta
Alex Davis

Príomhoifig
Teach Ratra
An Bóthar
Thuaidh Páirc an Fhionnuisce Baile Átha Cliath
D08YD62

Iniúchóirí neamhspleácha
Crowe Ireland
Cuntasaóirí Cairte agus Iniúchóirí
Reachtúla
40 Bóthar Mespil
BAC 4 D04 C2N4

Bancéirí:
Banc na hÉireann
Sráid Bhagóid Íocht.
BÁC 2

Clúdach Tosaigh (ó chlé)
Ebunoluwa Jambgadi, Conor Dillon, Sonya Naumova, Sarah Malcolmson Doyle, Divine Eugene, Shane Usher, Eoin Moylan agus Ching Pang.

Clár Ábhar

Ábhar 2
Mar gheall ar 4
Tionchar Gaisce in 2025 5
Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón PF 7
Teachtaireacht ón Uachtarán Úí Conghaile 8
An Bhliain faoi Athbhreithniú 9
Colúin Straitéiseacha 10
Colún 1: An Ghnóthachtái a Mhéadú 11
Rochtain Chothrom: Ciste Sparánachta SUAS Gaisce 11
Rochtain Chothrom: Gaisce agus Inrochtaineacht 12
Rochtain Chothrom: Athrú Glúine 13
Rochtain Chothrom: Tionscadal Taighde 14
Rochtain Chothrom: Ceartas Óige 15
Saoránacht Fhreagrach: Fréamhacha agus Bachlóga: Tionscnamh um Shaoránacht Dhomhanda Ardoideachais 16
Saoránacht Fhreagrach: I mbun Comhpháirtíochta 18

Colún 2: Inis ár Scéal 22
Cothrom 40 Bliain Gaisce 22
Dúshlán 'Bí Tusa an tSaighead' 23
Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 24
Searmanas Ghradam Óir Gaisce 25
Feachtas Clárúcháin 27
Lá Gaisce 27
Fundúireacht Thomas F. Meagher 27

Colún 3: Sármheas i ngach a ndéanaimid 29
Rannpháirtithe 29
Ambasadóirí Óige Gaisce 29
Searmanas Ghradalm 31
Dírthacaíochtaí Rannpháirtithe 32
Gaisca sna Scoileanna 33
Cultúr Gnóthachtála agus Forchéimnithe a Thógáil 35
PAL: Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) 37
PALCON agus Gradaim Tuillteanais Sibhialta 37
Oiliúnt agus Forbairt 38

Struchtúr, Rialachas agus Bainistíocht 39
Comhairle Gaisce 39
Cathaoirleach 42
Rúnaí na Cuideachta 43
Fo-choistí 43
Comhlíonadh agus Riosca 44
Foireann Gaisce 45

Athbhreithniú Airgeadais 46
Deontais Rialtais 46
Pinsin 46
Polasaí Cúlchistí 46
Príomhrioscaí agus éiginnteachtaí 46
Taifid chuntasaíochta 47
Ráiteas ar fhaisnéis iniúchta ábhartha 47
Iniúchóirí 47
Stádas Cánachais 47
Roinn (5): Forbairtí sa Todhchaí 47
Roinn (6): Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí 48
Roinn (8): Imeachtaí ón dáta deireadh bliana 48

Tuarascáil ar iniúchadh ar na ráitis airgeadais 49
Tuairim 49
An bonn leis an tuairim 49
Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach 49
Faisnéis eile 50
Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le 31hAcht na gCuideachtaí 2014 50
Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht 50

Clár Ábhar

Freagrachtaí faoi seach 51
- Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais 51
- Freagrachtaí na nIniúchóirí as iniúchadh na fráiteas airgeadais 51
- Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus cé dóibh a bhfuilimid freagrach 51

Ráiteas ar na Gníomhaíochtaí Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 52

Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nolaig 2025 53

Ráiteas maidir le sreafaí airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 54

- 1 Eolas Ginearálta 55
- 2 Beartais chuntasaíochta 55
  - 2.1 An bonn le hullmhú na ráiteas airgeadais 55
  - 2.2 Ioncam 55
  - 2.3 Deontais 55
  - 2.4 Idirlíon infhaighte 55
  - 2.5 Caiteachas 55
  - 2.6 Sochair fostaithe 56
  - 2.7 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas 56
  - 2.7 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas (ar leanúint) 56
  - 2.8 Lagú sócmhainní seasta 56
  - 2.9 Stoic 56
  - 2.10 Féichiúnaithe 56
  - 2.11 Airgead tirim sa bhanc agus sa lámh 56
  - 2.12 Dliteanais agus forálacha 57
  - 2.13 Ionstraimí airgeadais 57
  - 2.14 Cuntasaíocht cistí 57
  - 2.15 Gnóthas leantach 57
- 3. Breithiúnas ó thaobh beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí éiginnteachta meastacháin 57
  - Saolréanna sócmhainní seasta inláimhsithe a bhunú chun críocha dímheasa 57
  - Lagú stoic 57
- 3. Breithiúnas agus beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí éiginnteachta meastacháin (ar leanúint) 58
  - Gnóthas leantach 58
- 4. Ioncam ó ghníomhaíochtaí carthanúla 59
- 5. Costais cistí a bhailiú 60
- 6. Caiteachas carthanúil 61
- 7. Glanioncam/glanchaiteachas 63
- 8. Luach saothair agus idirghníomhartha stiúrthóirí 63
- 9. Líon agus costais foirne 63
- 10. Cánachas 64
- 11. Sócmhainní seasta inláimhsithe 64
- 12. Stoic 65
- 13. Féichiúnaithe 65
- 14. Creidiúnaithe: Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain 65
- 15. Ráiteas ar chistí 65
- 16. Anailís ar Chistí 66
- 17. Réiteach glanghuaiseacht i gcistí le glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin 67
- 18. Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid 67
- 19. Gealltanais Pinsin 67
- 20. Áitreabh a Sholáthar 67
- 21. Cuideachta arna theorannú ag Ráthaíocht 67
- 22. Ceadú na Ráiteas Airgeadais 67

Go Raibh Maith Agat 68

Mar gheall ar

Is é misean Gaisce clár forbartha óige dearfach a chur ar fáil trína spreagtar agus a dtreoraítear daoine óga ionas gur féidir a gcuid buanna agus cumais dúchasacha, a mothú saoránachta agus a ngníomhú sóisialta a chur i ngníomh go hiomlán' agus is é ár bhfís 'Éire ina mbíonn aislingí móra ag daoine óga agus ina gcomhlíonann siad gach gealladh atá fúthu'.

Bunaíodh Gaisce - Gradam an Uachtaráin i 1985 leis an aidhm córas gradam neamhiomaíoch a bhunú agus a riaradh do gach duine óg in Éirinn, trína gcinnteofaí comhionannas rochtana agus rannpháirtíochta, mar aitheantas ar ghnóthachtáil phearsanta laistigh dá gcuid ama fóillíochta. Is í gradam náisiúnta óige na hÉireann í agus an t-aitheantas is airde ar thionscnamh, ar ghnóthachtáil agus ar rannpháirtiú deonach an duine óig. Níos tábhachtaí fós, tá Gaisce tar éis an fód a sheasamh leis na blianta agus tá sé cruthaithe gur cabhair í an rannpháirtíocht le hinniúlachtaí sóisialta agus mothúchánacha riachtanacha a fhorbairt, lena n-áirítear féinmhuinín, athléimneacht agus ionbhá.

Aithnítear na hinniúlachtaí mar ghnéithe lárnacha a chabhraíonn ní amháin chun roghanna dearfacha saoil a dhéanamh agus a bheith infhostaithe, ach chun gealladh a chomhlíonadh agus bláthú mar dhuine. Tá ról ar leith ag Gaisce in Éirinn agus is slí é ina spreagtar daoine óga, ar mhaithe leis an nGradam a bhaint amach, le smaoineamh ar an domhan mórthimpeall orthu agus ceisteanna a chur faoi agus smaoineamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith acu agus iad ag iarraidh sochaí nios cothroime a cheartú.

Tá an clár ar fáil do dhaoine idir 14 agus 25 bliain d'aois. Le bheith rannpháirteach ní mór do dhaoine spriocanna a shocrú agus a bhaint amach i dtrí cinn de réimsí dúshláin - scil phearsanta, bainteachas pobail, caitheamh aimsire fisiciúil agus tabhairt faoi eachra foirne mar dhúshlán. Trí leibhéal den Ghradam Gaisce atá ann: Cré-umha, Airgid agus Óir. Ar an leibhéal Óir, is gá tabhairth faoi dhúshlán cónaithe breise.

Faigheann rannpháirtithe i gCeannaire Ghradam an Uachtaráin (PAL) tacaíocht ar a dturas Gaisce, i bhfoirm meantóir fásta a thacaíonn, a threoraíonn agus a spreagann iad le linn a nGradaim. Soláthraíonn Gaisce oiliúint agus tacaíocht do PALanna chun Gaisce a chur ar fáil do go díreach do dhaoine óga a n-oibríonn siad leo nó a ndéanann siad obair dheonach leo. Mar thoradh ar PAL oilte a bheith acu, tagann eagraíochtaí PAL chun bheith ina gComhpháirtithe Gradaim Gaise (GAPanna).

Chomh maith le freagairt d'iarratais chun bheith mar PAL nó mar Chomhpháirtí Gradam Gaisce, chun a chinntiú go bhfuil an clár insroichte ag an oiread daoine óga agus is féidir, glacann Gaisce cur chuige réamhghníomhach maidir le PALanna agus Comhpháirtithe Ghradam Gaisce nua a earcú.

Cuireadh tús leis an gclár in 2014 agus leanfaidh sé go dtí deireadh 2025. Cuireann sé béim athnuaite ar éagsúlacht agus ar chuimsiú, go háirithe i gcomhthéacs na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Tá Plean Straitéiseach nua do 2026 - 2030 curtha i dtoll a chéile agus seolfar go hoifigiúil é go luath in 2026. Chomóir Gaisce cothrom ceathracha bliain in 2025.

Is iad seo a leanas croíluachanna Gaisce: Cumhachtú; Cuimsiú agus Comhionannas; Meas; agus Sármhaitheas. Tá 'togra luachanna' curtha i dtoll a chéile ag an eagraíocht ina leagtar amach: brí gach luacha de réir mar a bhaineann sé le Gaisce; an méid a bhféachann an eagraíocht le baint amach ó thaobh gach luacha; an cur chuige i leith na hoibre le hailíniú le gach luach a chinntiú; agus ráiteas cleachtais, ina leagtar amach conas a léirítear gach luach trí chleachtas agus iompar.

Tá tionchar Gaisce le feiceáil i bhforbairt phearsanta na gcéadta mílte duine óg a ghlac páirt sa chlár ó bunaíodh é i 1985, a dtionchar ar na pobail agus na sochaithe ina maireann siad, agus i dtiomantas agus i ndícheall na mílte Ceannaire Ghradam an Uachtaráin agus daoine eile a thacaíonn le daoine óga agus a spreagann iad chun Gradam an Uachtaráin a shaothrú agus a bhaint amach.

Go dtí seo, tá breis is 550,000 duine óg tar éis clárú do Ghaisce agus tá Gradam Gaisce bainte amach ag breis is 290,000 duine óg.

40 BLIAIN

de thionchar claochlaitheach ar shaol daoine óga in Éirinn

29,299
clárú

9.6%

An ráta clárúcháin is airde

i stair Gaisce

17,641
críochnú

13%

An ráta críochnaithe is airde

i stair Gaisce

Os cionn
423,000
uair an chloig d'obair dheonach i bpobail déanta ag rannpháirtithe i nGaisce

4.5%

Clárú don Ghradam Airgid

43.7%

Críochnú an Ghradaim Airgid

Cláruithe i scoileanna DEIS

21%

34%

Clárú ón gClár Athstiúrtha don Óige

792

Comhpháirtithe Ghradam Gaisce

(eagraíochtaí a chuireann Gaisce ar fáil)

GNÍOMHACH

81% de mheánscoileanna

30 **DAOINE A FUAIR GRADAM ÓIR ó Ghradam Dhiúc Dhún Éideann TÉ**

1,351

Ceannaire Ghradam an Uachtaráin

20,000+

rannpháirtí sa

Dúshlán 'Bí Tusa an tSaighead'

40ú bliain bhreithe

1,973

duine óga a fuair tacaíocht ar a

nAISTEAR GRADAIM

trí

Chiste Sparánachta SUAS Gaisce

Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón PF

Ba bhliain mhór í 2025 do Ghaisce – Gradam an Uachtaráin agus muid ag ceiliúradh cothrom 40 bliain de dhaoine óga ar fud na hÉireann a chumhachtú le haislingí móra a bheith acu, dúshlán a chur fúthu féin agus gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh.

Le ceathracha bliain anuas, thug Gaisce deiseanna do na glúnta daoine óga a gcumais a aimsiú, athléimneacht a fhorbairt, cur lena bpobail agus féinmhuinín a mhéadú le gurbh fhéidir leo a dtodhchaí féin a mhúnlú. Cé go bhfuil an saol tar éis athrú go mór ó bunaíodh muid i 1985, tá ár gcuspóir chomh hábhartha inniu agus a bhí riamh: an cumas urghnách atá i ngach duine óg a aithint agus deiseanna a chruthú chun gur féidir leis bláthú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain chomórtha seo freisin. Lean rannpháirtíocht sa Ghradam ag fás, bhí níos mó daoine ná riamh cheana a thosaigh agus a chríochnaigh a n-aistear Gaisce ná riamh roimhe seo. Bhí sé thar a bheith spreagúil an Gradam a fheiceáil ag leathnú ar fud scoileanna DEIS, suíomhanna ceartais óige, seirbhísí míchumais, eagraíochtaí ardoideachais agus eagraíochtaí pobail, rud a léiríonn a dháiríre atáimid go bhfaigheadh gach duine óg an deis a bheith rannpháirteach.

Thug ár gceiliúradh 40 bliain pobail le chéile agus spreag siad glúin nua rannpháirtithe. Ón Dúshlán Bí Tusa an tSaighead ar fud na tíre agus ár gcéad láithriú ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta, go seoladh ár gclár Ambasadóirí Óige agus comhpháirtíochtaí neartaithe ar fud shaol an oideachais, na hóige, an phobail agus an ghnó, léirigh an bhliain go bhfuil ábharthacht agus tionchar Gaisce ag dul i méid.

Ba é 2025 an bhliain deiridh de chaibidil thábhachtach agus muid ag cur ár mbuíochas ó chroí in iúl don Uachtarán Michael D. Higgins tar éis ceithre bliana déag mar Phátrún Ghaisce.

D'fhág a chreideamh dochloíte i ndaoine óga, sa tsaoránacht ghníomhach agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil oidhreacht bhuan do Ghaisce agus do na céadta mílte duine óg a raibh a ngnóthachtálacha á gceiliúradh aige.

De réir mar a chríochnaigh caibidil amháin, thosaigh ceann eile. Ba mhór an onóir dúinn fáilte a chur roimh an Uachtarán Caitríona Uí Chonghaile mar Phátrún ar Ghaisce agus a céad Searmanas Gradam Óir Gaisce a cheiliúradh. Léiríonn a tiomantas don chomhionannas, don ionchuimsiú agus don rannpháirtíocht shibhialta croíluachanna Gaisce, agus táimid ag tnúth le dul i mbun oibre le chéile chun tacú leis an gcéad ghlúin eile de dhaoine óga.

Gabhaimid buíochas ó chroí freisin leis an Aire Oideachais agus Óige agus le hoifigigh na Roinne Oideachais agus Óige as a gcomhpháirtíocht, a dtreoir agus a dtacaíocht luachmhar i rith na bliana.

Gabhaimid buíochas ó chroí freisin le Ceannairí Ghradam an Uachtaráin, Comhpháirtithe Ghradam Gaisce, baill foirne Gaisce, baill na Comhairle, Ambasadóirí Óige, Comhpháirtithe Dúshláin, Comhpháirtithe sa Chomh-Ghradam, oifigigh Oifig an Uachtaráin, maoinitheoirí agus lucht tacaíochta, arb é a n-iontaoibh as daoine óga a chuireann ar ár gcumas Gaisce a chur ar fáil. Thar aon rud eile, gabhaimid buíochas le gach duine óg a roghnaigh dúshlán a chur fúthu féin trí chlárú do Ghaisce. Is iad do scéalta faoi dhiongbháilteacht, athléimneacht, lonrachas, agus gach a mbaineann sibh amach, a thugann spreagadh dúinn gach lá.

Agus muid ag machnamh ar dhaichead bliain de bheith ag cumhachtú daoine óga chun a bhforbairt phearsanta féin a threorú, creidimid go mbeidh rath orthu agus táimid dóchasach fúthu. Soláthraíonn ár bPlean Straitéiseach do 2026–2030 treoir shoiléir do na blianta amach romhainn agus muid ag leanúint de dheiseanna chur ar fáil do dhaoine óga ar fud na hÉireann agus na glúnta amach romhainn a spreagadh.



Áine Kerr
Cathaoirleach



Avril Ryan
PF

Teachtaireacht ón Uachtarán

Mar Uachtarán na hÉireann, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint acu le Gaisce – Gradam an Uachtaráin as a gcuid oibre i rith na bliana 2025 agus, go háirithe, comhghairdeas a dhéanamh leis na daoine óga sin ar fad a ghlac páirt sa chlár agus a ghnóthaigh gradam i rith na bliana.

Tionscnamh iontach é Gaisce ar féidir leis cabhrú le daoine óga ar fud na hÉireann an gealladh atá fúthu a chomhlíonadh, a bheith gníomhach ina bpobail, glacadh go fonnmhar leis an eachtraíocht agus an fholláine, agus níos tábhachtaí ná rud ar bith eile, muinín a bheith acu astu féin.

I mbliain chomóireamar cothrom 40 bliain ó bunaíodh Gaisce, is ábhar misnigh é an clár a fheiceáil ag dul ó neart go neart, leis an líon is airde clárúchán agus an ráta críochnaithe is airde i stair Ghaisce.

Bhí lúcháir orm an deis a fháil bualadh go pearsanta le 50 buaiteoir de Ghradam Óir Gaisce san IMMA i mí na Nollag chun a nGradam a bhronnadh orthu agus a lá speisialta a roinnt leo.
Mar a dúirt mé an uair sin, cuireann scéalta aonair gach duine de na daoine óga a ghlac páirt ar an gclár i gcuimhne dúinn an cumas ollmhór atá i ngach duine dínn, is cuma cén staid ina bhfuilimid.

Tá sé ríthábhachtach go mothódh na daoine óga go léir go gcuirtear san áireamh iad, go gcloistear agus go bhfeictear iad, agus go dtacaítear leo.

Tá áthas ar leith orm moladh a thabhair don obair leanúnach atá á déanamh ag Gaisce chun bacainní ar dhul chun cinn trí leibhéil na nGradam a laghdú agus a mhaolú agus chun a chinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí ar fáil do gach duine óg ar mian leis nó léi tabhairt faoi dhúshlán Ghradam Gaisce é sin a dhéanamh.

Mar shampla, imeachtaí a reáchtáladh ag Gaisce i rith na bliana ar nós 'Athrú Glúine: Tá scrúdú déanta ag 'Glacadh go fonnmhar le Treonna Nua' ar an tionchar claochlaitheach a bhíonn ag cruthú deiseanna fostaíochta do dhaoine a bhfuil taithí saoil acu ar an gcóras ceartais choiriúil, agus ag an am céanna aibhsíodh ról Ghradam Gaisce ó thaobh tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga faoi choimeád chun bealaí a oscailt trínar féidir leo teacht a fháil ar fhorbairt phearsanta agus ar fhostaíocht.

Gabhaim buíochas freisin le gach ceann de Cheannairí Ghradam an Uachtaráin ar fud na tíre a thugann a gcuid ama go fial chun daoine óga a threorú i dtreo a nGradam a bhaint amach.

Agus ar deireadh, ba mhaith liom gach rath a ghuí orthu siúd atá rannpháirteach i gclár Gaisce in 2026, ar na slite éagsúla ar gach leibhéal den Ghradam, agus iad ag obair i dtreo a ndúshláin féin a chomhlíonadh. Táim ag tnúth le bualadh leis an oiread agaibh agus is féidir sna blianta amach romhainn.



Caitríona Uí Chonghaile
Uachtarán

AN BHLIAIN FAOI ATHBHREITHNIÚ

Luachanna



CUMHACHTÚ

Difear, athruithe a chur i gcrích agus a chur ar chumas daoine óga a gcosán chuig féin-eolas a mhúnlú, i dteannta le daoine eile agus tríothu.

CUIMSIÚ AGUS COMHIONANNAS

Tá deis ag an uile dhuine a acmhainneacht a mhéadú trí chomhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus toraidh.



MEAS

Caitheamh le daoine ar shlí chomhionann, éagsúlacht a aithint, agus a chinntiú go gcaitear le gach duine le dínit.

SÁRMHAITHEAS

Tionchar a imirt trí na caighdeáin is airde a leanúint, oibriú le hionracas agus ar bhealach trédhearcach.

Fís Gaisce

Éire ina mbíonn
AISLÍNGÍ MÓRA
ag DAOINE ÓGA
agus ina gcomhlíonann
siad gach gealladh
atá fúthu.

Misean Ghaisce

Clár forbartha **DEARFACH ÓIGE**
a sholáthar trína **MISNÍTEAR**
agus trína dtreoraítear daoine óga ionas
gur féidir a **mBUANNA & A gCUMAIS**
a mbraistint saoránachta agus gníomhaithe sóisialta

COLÚIN STRAITÉIS EACHA

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Cuspóirí Straitéiseacha

- Rochtain Chothrom
- Saoránaíoht Fhreagrach
- Ag obair i gComhpháirtíocht

2 ÁR SCÉAL A INSINT

Cuspóirí Straitéiseacha

- Feabhsaigh próifíl
- Ghaisce in Éirinn
- Tabhair fianaise ar thionchar dearfach na rannpháirtíochta i nGradaim Ghaisce
- Dul i mbun oibre le rannpháirtithe Gaisce agus le daoine a bhfuil gradam Gaisce bainte amach acu

3 SÁRMHAITHEAS I NGACH A NDÉANAIMID

Cuspóirí Straitéiseacha

- Rannpháirtithe: Spreag rannpháirtithe chun luachanna Gaisce a léiriú i ngach gné dá nGradam, agus dul in eolas mar eagraíocht óige trí éisteacht le daoine óga agus foghlaim uathu trína rannpháirtíocht san eagraíocht.
- Ceannairí Ghradam an Uachtaráin: Pobal láidir de Cheannairí Ghradam an Uachtaráin a thógáil agus a choinneáil, agus iad a bheith oilte go cuí agus tacú acu chun Gaisce a sheachadadh ag an gcaighdeán is airde.
- Rialachas

Rochtain Chothrom:
Ciste Sparánachta SUAS de chuid Gaisce

Tá Gaisce tiomanta do chinntiú go bhfuil an deis ag gach duine óg páirt a ghlacadh i nGradam Gaisce. Léiriú tábhachtach ar an tiomantas seo is ea Ciste Sparánachta SUAS Gaisce, a bunaíodh in 2023 chun tacú le daoine óga a bhfuil bacainní airgeadais nó bacainní eile orthu maidir le rannpháirtíocht.

In 2025, d'oibrigh Ciste Sparánachta SUAS Gaisce thar dhá shnáithe maoinithe: Uplift, arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Óige, agus Ceartas Óige, arna thacú trí dhaonchairdeas príobháideach. Bronnadh €83,105 san iomlán, lena n-áirítear €55,105 trí Uplift agus €28,000 trí Cheartas Óige.

Thug an infheistíocht seo tacaíocht dhíreach do 1,973 duine óg agus do 93 Comhpháirtí Ghradam Gaisce, rud a chabhraigh le bacainní airgeadais a bhaint agus deiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht lánbhríoch, forás pearsanta agus gnóthachtáil trí Ghaisce.

Is príomhthosaíocht fós é eispéiris na ndaoine atá bainteach le Ciste Sparánachta SUAS Gaisce a roinnt. Sa bhliain 2025, chuir Gaisce físeán tionchair ar fáil ina raibh ceathrar Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) as raon éagsúil suíomhanna, lena n-áirítear scoileanna, scoileanna DEIS, seirbhísí míchumais agus tionscadail atreoraithe óige. Léiríonn a gcuid scéalta an difríocht phraiticiúil agus chlaochlaitheach a fhéadann tacaíocht sparánachta a dhéanamh.

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

a dhéanamh, rud a chuireann ar chumas níos mó daoine óga páirt a ghlacadh i nGradam Gaisce, dul chun cinn a dhéanamh tríd agus é a bhaint amach.

Ó seoladh é in 2023, tá tacaíocht tugtha ag Ciste Sparánachta SUAS do 4,890 duine óg i measc 214 Comhpháirtí Ghradam Gaisce, rud a léiríonn tiomantas leanúnach Gaisce do dheiseanna cothroma a chruthú agus a chinntiú go bhfuil buntáistí Ghradam Gaisce ar fáil don uile dhuine óg.



Clement Quinn
Ceannairí Ghradam an Uachtaráin
Foróige Connect Mhaigh Eo

"Tá go leor eispéireas dearfacha curtha ar fáil ag aistear ghradam Gaisce dár ndaoine óga nach mbeadh taithí acu orthu murach sin, b'fhéidir ... Chabhraigh an sparánacht linn eispéiris bhríocha ardchaighdeáin a chruthú ar an oiread sin leibhéal."



Gary Bridges
Ceannairí Ghradam an Uachtaráin
Ionad Oiliúna Pobail an Mhuilinn gCearr

"De bhrí gur baineadh an bac airgeadais, bhí deis ag na daoine óga féachaint lasmuigh dá bpobal féin – rud nach mbíonn deis ag go leor acu a dhéanamh. D'oscail sé a n-intinn do dheiseanna nua."

Rochtain Chothrom:
Gaisce agus Inrochtaineacht

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Tugann Gaisce tús áite i gcónaí do thacú le daoine óga faoi mhíchumas chun a ngradaim Gaisce a bhaint amach.

Tá líon na ndaoine óga atá ag glacadh páirte i nGradaim Gaisce trí sheirbhísí míchumais agus suíomhanna tacaithe ag fás i gcónaí. Ó 2021 i leith, tá méadú 18% tagtha ar rannpháirtíocht ó sheirbhísí míchumais, rud a léiríonn tiomantas leanúnach Gaisce chun rochtain chothrom ar an nGradam a chinntiú. Trí rannpháirtíocht spriocdhírithe le Comhpháirtithe Ghradam Gaisce atá dírithe ar mhíchumas, lean Gaisce de bheith ag tacú le fás agus forbairt na rannpháirtíochta ar fud na hearnála.

I mí an Mheithimh 2025, d'óstáil Gaisce grúpa fócais do Cheannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) atá ag obair i suíomhanna óige faoi mhíchumas. D'fhreastail 16 PAL ar an ócáid ar son eagraíochtaí lena n-áirítear ionaid an Líonra Náisiúnta Foghlama (NLN), scoileanna speisialta agus seirbhísí lae.

Áiríodh leis an gclár cur i láthair ón bhfoireann Gaisce mar aon le cruinnithe comhchéime, rud a thug deis do rannpháirtithe chun eispéiris, dúshláin agus samplaí dea-chleachtais a roinnt. Ghlac Ambasadóir Óige Gaisce, Conor Dillon, ó Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann páirt san ócáid mar aoi-chainteoir, agus roinn sé a thuras pearsanta Gaisce agus tionchar an Ghradaim.

Thug na pléití léargas luachmhar ar thaithí agus ar riachtanais daoine óga faoi mhíchumas atá rannpháirteach i Gaisce agus beidh siad mar bhonn le forbairt leanúnach tacaíochtaí agus acmhainní sa réimse seo.

Moladh amháin a tháinig chun cinn ón ngrúpa fócais ná an tábhacht a bhaineann le spásanna atá cairdiúil do na céadfaí a chur ar fáil ag imeachtaí Gaisce. A bhuíochas le tacaíocht mhaoinithe ó Chiste Ardeaglais Naomh Pádraig, d'infheistigh Gaisce i raon tacaíochtaí céadfacha, lena n-áirítear spás ciúin tiomnaithe a chruthú ag Searmanas Bronnta Óir Gaisce. D'fheabhsaigh sé seo an inrochtaineacht an tsearmanais agus thacaigh sé go díreach leis an naonúr daoine óga a fuair a nGradaim Óir ar an lá.



Fiona Burke
PAL
Teach Mhichíl, Baile Dúill

"Lá mór ag searmanas an Ghradaím Óir. Gan amhras is í Gaisce an eagraíocht is cuimsithí. Ag tabhairt deis don uile dhuine o gach duine lonrú, bláthú agus foghlaim. Áthas orainn a bheith mar chuid de Ghaisce agus táimid bródúil as daltaí an lae inniu agus as ár n-iar-scoláirí go léir."

Rochtain Chothrom: Athrú Glúine

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Athrú Glúine: Ba imeacht suntasach é Glacadh le Léaslínte Nua a d'eagraigh Gaisce – Gradam an Uachtaráin i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Pléadh ag an imeacht conas is féidir le deiseanna fostaíochta a chruthaítear do dhaoine a bhfuil taithí saoil acu ar an gcóras ceartais choiriúil tacú le todhchaí dhearfach, agus béim á leagan ag an am céanna ar ról Ghradam Gaisce chun cabhrú le daoine óga atá faoi choimeád féinmhuinín a shealbhú, scileanna a shealbhú agus rochtain a fháil ar chosáin chuig an bhfostaíocht.

Tacaíodh leis an imeacht trí Straitéis Fostaíochta na Roinne Dlí agus Cirt - Cosáin a Thógáil le Chéile, agus thug sé breis is 200 páirtí leasmhar le chéile, lena n-áirítear fostóirí, fiontair shóisialta, lucht déanta beartas agus tacóirí, chun an fhoghlaim a roinnt, braistiní a cheistiú agus cleachtais fostaíochta chuimsitheacha a chur chun cinn.

Thug an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O'Callaghan, agus an príomhchainteoir Sally Eley, Ceann Iontaobhas CIPT (RA) óráidí ag an imeacht. Tugadh le chéile sna pléitís painéil ceannairí sinsearacha agus cleachtóirí ó gach cuid d'earnáil an cheartais choiriúil, na fostaíochta agus an phobail, chomh maith le fostóirí agus daoine aonair a bhfuil taithí saoil acu, rud a chothaigh idirphlé bríoch mar gheall ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hionaid oibre níos cuimsithí a chruthú.



Bhí Áine Kerr, fiontraí, craoltóir agus Cathaoirleach Chomhairle Gaisce, ina comhóstach ar an ócáid in éineacht le Sean Kinsella, cainteoir, meantóir agus abhcóide taithí saoil. Chuidigh a dtuairimí chun comhráite machnamhacha spéisiúla a chur ar fáil ó thús deireadh an lae.

Neartaigh an ócáid cumhacht na comhpháirtíochta chun rochtain ar fhostaíocht a leathnú agus chun tacú le daoine aonair an gealladh iomlán atá fúthu a chomhlíonadh. Leagadh béim ann, leis, ar thábhacht na ndeiseanna forbartha pearsanta, amhail Gradam Gaisce, chun cabhrú le daoine óga a bhféinmhuinín a mhéadú, scileanna a sheabhú agus conairí dearfacha a chruthú don todhchaí.

Edel McSorley
Stiúrthóir Oibríochtaí
MrPRICE
Branded Bargains



"Tá bród ar Mr Price tacú le hAthrú Glúine de bhrí go gcreidimid gur cheart tionchar a bheith ag an am atá caite ar chumas duine. Tá an rannpháirtíocht tar éis luach na hearcaíochta ionchuimsithí a dhaingniú; deis a thabhairt dúinn teagmháil a dhéanamh le daoine a bhfuil an fonn orthu todhchaí dhearfach a chruthú, agus ag an am céanna an gnó féin a neartú le comhghleacaithe tiomanta agus dícheallacha. Ba dheis dúinne freisin í, dul i mbun oibre le Gaisce le léiriú go bhfuilimid tiomanta do dheiseanna a chruthú, tacú le hathshlánú, agus a thaispeáint gur féidir le fostóirí ról suntasach a bheith acu ó thaobh pobal atá níos láidre agus níos ionchuimsithí a chruthú."

Rochtain Chothrom: Tionscadail Taighde

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

In 2025, choimisiúnaigh Gaisce staidéar suntasach taighde le Scoil an Ghnó in Ollscoil Mhá Nuad chun tuiscint níos fearr a fháil ar an dearcadh atá ag fostóirí i leith Gradam Gaisce agus ar an ról is féidir a bheith aige ó thaobh tacú le hinfhostaitheacht na hóige in Éirinn. Ag tarraingt ar shuirbhéanna agus agallaimh le fostóirí ó raon leathan earnálacha — lena n-áirítear na hearnálacha seo a leanas: an teicneolaíocht, an turasóireacht, an miondíol, an cúram sláinte, an t-airgeadas, seirbhísí poiblí, eagraíochtaí ilnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhbhrabúis — thug an staidéar léargais luachmhara ar thosaíochtaí earcaíochta agus ar na scileanna is mó a bhfuil meas ag fostóirí orthu in iarrthóirí óga.

Léirigh na torthaí gur mór ag fostóirí i gcónaí scileanna inaistrithe ar nós na tionscnaíochta, na cumarsáide, na hathléimneachta agus na hoibre buíne agus iad ag earcú do róil ag an leibhéal iontrála. Mhol go leor rannpháirtithe gur minic a bhíonn na tréithe seo níos tábhachtaí ná cáilíochtaí foirmiúla amháin. D'admhaigh fostóirí freisin, áfach, go bhféadfadh sé a bheith deacair na cáilíochtaí seo a aithint go hiomlán i bpróisis earcaíochta reatha, go háirithe i scagadh réamhagallaimh agus leis an méadú ar úsáid an IS san earcaíocht, agus iarrthóirí á measúnú go minic ar thorthaí scrúduithe agus ar thaithí oibre thraidisiúnta.

Aibhsíodh sa taighde ailíniú láidir idir na scileanna a sealbhaíodh trí Ghradam Gaisce agus iad siúd atá á lorg ag fostóirí. Ina ainneoin sin, tá feasacht ar Gaisce laistigh den earnáil fostaíochta fós measartha íseal, agus thuairiscigh go leor fostóirí nach bhfeiceann siad rannpháirtíocht i nGaisce go rialta in iarratais nó CVanna. D'fhéadfaí neamhaird a dhéanamh i measc iarrthóirí dá bharr de thráscairí tábhachtacha maidir le spreagadh, athléimneacht, ceannaireacht agus rannpháirtíocht pobail.

Leagadh béim sa staidéar freisin ar an méadú ar spéis i gcur chuige fostaíochta deis chothrom, agus aithníonn fostóirí athléimneacht, inoiriúnaitheacht agus buanseasmhacht mar láidreachtaí luachmhara, go háirithe i measc daoine aonair a sháraigh bacainní pearsanta nó struchtúracha.

Moladh sa tuarascáil go dtabharfaí aitheantas níos mó do Ghradam Gaisce sa phróiseas earcaíochta, agus go spreagfaí fostóirí le rannpháirtíocht i nGaisce a chur san áireamh mar fhianaise go bhfuil scileanna sealbhaith ag an duine óga agus forás pearsanta déanta acu, agus go dtacófaí leo chun na heispéiris agus na scileanna a shealbhaigh siad le linn a n-aistear Gaisce a chur inniúl go neamhbhalbh.

Treisíonn an taighde an ról tábhachtach is féidir a bheith ag Gaisce i dtaca leis a mbearna idir an t-oideachas agus an fhostaíocht a líonadh, agus ag an am céanna cur le cleachtais earcaíochta trína dtugtar aitheantas do raon iomlán scileanna, eispéiris agus cumas daoine.

> **"Tugann Gaisce deis do dhaoine óga a fháil amach cad is féidir leo a bhaint amach, muinín a chothú agus scileanna a fhorbairt a bheidh acu ar feadh a saoil. Léiríonn ár gcuid taighde go gcabhraíonn na heispéiris seo le daoine óga an athléimneacht, an obair foirne agus an tionscnaíocht a léiriú — tréithe a bhfuil luach ag fostóirí orthu — agus go dtugann siad fíormhothúchán bróid dóibh as an méid atá bainte amach acu."**



Amy Fahy
Ollamh Cúnta, Gnó & Bainistíochta
Leas-Stiúrthóir ar Ghrúpa Taighde IRESI, An Scoil Ghnó, Ollscoil Mhá Nuad

Rochtain Chothrom: Ceartas Óige



Is príomhthosaíocht do Gaisce fós é an Ceartas Óige, rud a léiríonn ár dtiomantas do dheiseanna cuimsitheacha a chruthú do dhaoine óga atá páirteach i dTionscadail Athstiúrtha Óige, chomh maith le Seirbhís Príosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Promhaidh.

Sa bhliain 2025, lean Gaisce de bheith ag neartú a rannpháirtíochta ar fud earnáil an Cheartais Óige, ag leathnú tacaíochta clárúcháin chuig 122 duine óg trí 24 Tionscadal Athstiúrtha Óige - méadú ó 72 rannpháirtí sa bhliain 2024. Léiríonn an fás seo raon feidhme leathnaithe Gaisce laistigh den earnáil agus an méadú ar éileamh ar dheiseanna a thacaíonn le forbairt phearsanta, gnóthachtáil agus conairí dearfacha don todhchaí.


Ba phríomhfhócas í gcónaí é tacú le Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) atá ag obair i suíomhanna Ceartais Óige. Tháinig 24 PAL ó 13 eagraíocht i nGaillimh, Ciarraí, Luimneach, Lú, Corcaigh agus Baile Átha Cliath le chéile do lá speisialta líonraithe agus oiliúna ag Ionad an Chabháin. Cuireadh oiliúint phraiticiúil ar fáil ag an ócáid, lena n-áirítear tacaíocht do Thurais Eachtraíochta a phleanáil agus a chur ar fáil, agus foghlaim piaraí, comhoibriú agus comhroinnt an dea-chleachtais á gcothú ag an am céanna.

I rith na bliana, lean Gaisce de bheith ag plé leis an earnáil Cheartais Óige i gcoitinne, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gComhdháil Bhliantúil Chlár Athstiúrtha an Óige i bPáirc an Chrócaigh. Chuidigh na deiseanna seo le comhpháirtíochtaí a neartú, feasacht ar Ghradam Gaisce a mhéadú agus rochtain níos fearr a thabhairt do dhaoine óga nach mbeadh an deis acu páirt a ghlacadh ann murach sin.

Ar fud na tíre, cheiliúir Gaisce éachtaí daoine óga ó raon leathan cúlraí agus pobal. Bronnadh Gradaim Cré-umha, Airgid agus Óir ar rannpháirtithe ó scoileanna, institiúidí ardoideachais, Tionscadail Athstiúrtha Óige, Seirbhís Príosúin na hÉireann, an tSeirbhís Promhaidh, seirbhísí óige, eagraíochtaí míchumais, grúpaí LGBTQ+, pobail an Lucht Siúil agus pobail imirceacha. Léiríonn na héachtaí seo tiomantas Gaisce do chinntiú go mbíonn an deis ag gach duine óg an gealladh atá fúthu a chomhlíonadh agus aitheantas a fháil dá gcuid iarrachtaí.

Tríd an obair Gaisce a dhéantar i suíomhanna Ceartais Óige, tacaíonn Gaisce le daoine óga chun a bhféinmuinín a mhéadú, athléimneacht a fhorbairt agus conairí dearfacha a chruthú dá dtodhchaí.

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ



Robbie McArdle
Ordú Ceartais Óige
Tionscadal Seachtrach Athstiúrtha Óige an Bhá Thuaidh

"Lá iontach ab ea an ócáid ag Ionad an Chabháin agus thug sé léargas i bhfad níos mó do mo chomhghleacaithe agus domsa ar a bhfuil i gceist le gradaim Gaisce agus ar an tslí is fearr a d'fhéadfaimis tacú le daoine óga chun gur féidir leo a spriocanna a bhaint amach. Bhí sé go hiontach an oiread sin ball foirne a fheiceáil ann agus a bheith in aon seomra le daoine ó chúlraí difriúla a raibh taithí dhifriúil acu. Bhí sé thar a bheith luachmhar deis a bheith againn smaointe a roinnt, foghlaim óna chéile agus comhoibriú.

Bhain mé sult ar leith as na haoi-chainteoirí agus rug mé liom léargais go leor a bhíonn in úsáid agam go fóill. Tríd an ócáid, neartaigh mé an caidreamh le m'fhoireann Gaisce agus le comhghleacaithe ó thionscadail eile, caidreamh a théann chun tairbhe dom i gcónaí agus do mo chuid oibre."

Saoránacht Fhreagrach: Fréamhacha agus Bachlóga: Tionscnamh um Shaoránacht Dhomhanda Ardoideachais

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Is tionscnamh comhoibríoch é Fréamhacha & Bachlóga idir Gaisce agus Saorálaithe Mac Léinn Éireann, arna mhaoiniú ag Cúnamh Éireann. Tá sé mar aidhm ag an gclár cultúr na hoibre deonaí a neartú ar fud an ardoideachais trí fheasacht agus tuiscint ar Oideachas Saoránachta Domhanda (GCE) a chothú agus tacú lena chomhtháthú ar shlí lánbhríoch i ngníomhaíochtaí agus i dtionscnaimh faoi stiúir mac léinn.

Cuirtear Fréamhacha agus Bachlóga i láthair mar chlár bliana, trína gcuirtear meascán d'oiliúint, de cheardlanna agus d'imeachtaí idir-ollscoile ar fáil ar líne agus as líne. I measc na bpríomhghnéithe tá Cónaitheacht Óir do rannpháirtithe i nGradam Óir Gaisce agus Siompóisiam Domhanda, rud a thugann deiseanna do mhic léinn a dtuiscint ar shaincheisteanna domhanda a dhoimhniú, peirspictíochtaí éagsúla a iniúchadh agus teagmháil a dhéanamh le piaraí ó gach cearn den earnáil ardoideachais.

Trí rannpháirtíocht sa chlár, sealbhaíonn mic léinn an t-eolas, na scileanna agus an fhéinmhuinín chun gníomhú go feasach ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar phobail áitiúla agus dhomhanda. Trí smaointeoireacht chriticiúil, comhoibriú agus rannpháirtíocht shibhialta a spreagadh, tacaíonn Roots & Shoots (Fréamhacha & Bachlóga) le saoránaigh dhomhanda ghníomhach a chruthú agus cuireann sé le cultúr deonach níos cuimsithí agus níos feasaí ó thaobh na sochaí de ar fud an ardoideachais.

> **"Trí oibriú le chéile, tá Mac Léinn Oibrithe Deonacha Éireann agus Gaisce ag iarraidh deiseanna d'obair dheonach a mhéadú agus taithí a fháil ar na gníomhaíochtaí deonacha seo ar shlí nua atá bunaithe ar thuiscint ar shaincheisteanna domhanda. Le chéile tugaimid obair dheonach go dtí an chéad leibhéal eile lenár bhfís chomhroinnte chun ionchuimsitheacht a fheabhsú, smaointeoireacht chriticiúil a chothú, agus scileanna inaistrithe a chothú le saorálaithe mic léinn. Cloch mhíle iontach inár gcomhpháirtíocht is ea cloisteáil go díreach ó mhic léinn ag ceardlanna cé chomh luachmhar is a bhí an t-ábhar dá dtuiscint ar chúrsaí domhanda agus cad iad na bearta praiticiúla is féidir leo a dhéanamh ina bpobail, ina dteaghlaigh agus lena gcairde féin. Cibé an bhfuilimid ag foghlaim faoi ghluaiseacht víreasach dhomhanda nó ábhar imní áitiúil, tá ár gcomhpháirtíocht Fréamhacha agus Bachlóga ag cothú todhchaí na sárcheannaireachta cathartha."**



Lorraine Tansey
Clárbhainisteoir
Studentvolunteer.ie

Fréamhacha agus Bachlóga



Ó chlé: **Uliana Vasiliuk** (Gaisce PAL agus Rannpháirtí Óir); **Neha Gupta** (Saorálaí mac léinn); **Shut Gambhir** (Saorálaí mac léinn) agus **Caitlin Curley** (Ambasadóir Óige Gaisce), ag seoladh Fréamhacha agus Bachlóga i nGairdín Luibheanna Ollscoil na Gaillimhe.

Saoránacht Fhreagrach:
I mbun Comhpháirtíochta

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Tá an chomhpháirtíocht lárnach d'obair Gaisce, rud a chuireann ar ár gcumas aimsiú a leathnú, seachadadh clár a neartú agus deiseanna lánbhríocha a chruthú do dhaoine óga trí chomhoibriú ar fud earnálacha an oideachais, na hóige, an phobail agus na corparáide.

Ghradam Dhiúc Dhún Éideann Tuaisceart Éireann

Lean Gaisce lena chomhoibriú le Duais Diúc Dhún Éideann Thuaisceart Éireann tríd an Tionscnamh Comhghradaim, trína neartaítear comhar trasteorann agus foghlaim chomhroinnte.

Tionscadail Erasmus+

Ghlac Gaisce páirt i dtionscadal soghluaisteachta oibrithe óige Erasmus+ arna n-óstáil ag Mérite Jeunesse i Lucsamburg. Chuaigh cúigear PALanna Gaisce, mar aon leis an Oifigeach Forbartha Stephen Peers, i bpáirt le Ceannairí Gradaim ón bhFionlainn, ó Lucsamburg agus ón Liotuáin mar chuid de líonra Gradam Idirnáisiúnta Diúc Dhún Éideann. Chuir an tionscnamh seo deis luachmhar ar fáil chun cleachtais oibre óige a fheabhsú, comhoibriú traschultúrtha a chothú agus cur chuige nuálach a roinnt chun daoine óga a mhealladh tríd an oideachas neamhfhoirmiúil

Seachadadh Gradim agus Comhpháirtíochtaí Cláir

D'oibrigh Gaisce go dlúth le Soláthraithe Turais Eachtraíochta Ceadaithe, Comhpháirtithe Dúshláin agus Comhpháirtithe Gradam Gaisce (GAPanna), a bhfuil ról ríthábhachtach acu i dtacú le Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) agus le rannpháirtithe chun eispéiris gradaim ardchaighdeáin a chur ar fáil.



Joaquin Holland Mac Léinn COBÁC

"Bhain mé an-taitneamh as páirt a ghlacadh sa mhodúl nua Gaisce in COBÁC, mar spreag sé mé chun níos mó ama a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí atá tábhacht dom, ach nach mbíonn deis agam i gcónaí tosaíocht a thabhairt dóibh de bharr mo sceidil ghnóthaigh. Buaicphointe amháin domsa ab ea m'obair dheonacha. Thaitin sé liom go speisialta obair dheonach a dhéanamh le club dornálaíochta, áit a raibh mé in ann tacú le daoine eile agus mo scileanna ceannaireachta agus cóitseála féin á bhforbairt agam. Ag deireadh mo théarma in COBÁC, bhain mé taitneamh as obair dheonach a dhéanamh le cumann tarrthála fiadhúlra, de bhrí gur thug mé an deis dom cabhrú leis an oiread sin ainmhithe a raibh grá de dhíth orthu agus a bhí gleoite amach is amach."



Kate Thompson Stiúrthóir Tuaisceart Éireann,

Gradam Dhiúc Dhún Éideann/Comhthionscnamh

"Ní hamháin go gcuireann ár gcomhpháirtíocht luachmhar le Gaisce - Gradam an Uachtaráin, tríd an Tionscnamh Comhghradaim, ar chumas daoine óga i dTuaisceart Éireann an tslí a n-aithnítear iad a roghnú, ach cuireann sé ar ár gcumas foghlaim a roinnt, rudaí a dhéanamh ar bhealaí nua agus oibriú i gcomhar chun deiseanna cruthaitheacha a chur ar fáil do dhaoine óga."

Saoránacht Fhreagrach:
I mbun Comhpháirtíochta

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Comhpháirtíochtaí Nua le UCD

Bhunaigh Gaisce comhoibriú ceannródaíoch leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), le modúl roghnach a thabhairt isteach, modúl a dearadh chun tacú le mic léinn atá ag déanamh a nGradam Gaisce, rud a leabaíonn an Gradam ar shlí níos dlúithe leis an ardoideachas.

Comhpháirtíocht Sheirbhís Príosúin na hÉireann

Chuaigh Gaisce isteach i gcomhphairtíocht le Seirbhís Príosún na hÉireann tríd an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta don Ghradam faoi Choinneáil, ag tacú le forbairt leanúnach an Ghradam laistigh de shuíomhanna coinneála.





Christina Corrigan Mac Léinn COBÁC

"Ba é modúl UCD a chuir fonn orm Gaisce a dhéanamh ós rud é nach raibh an deis agam san Idirbhliain. Thug an modúl seo deis dom díriú ar na rudaí is fearr liom a dhéanamh,, is iad sin mo chuid fuála, dul ar shiúlóidí, agus cabhrú le daoine. San iomlán, táim an-sona gur ghlac mé leis an modúl de bhrí gur dhaingnigh sé mo ghrá do m'ábhair spéise agus chabhraigh liom glacadh liom féin."

Saoránacht Fhreagrach:
I mbun Comhpháirtíochta

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Comhpháirtíochtaí Déghradaim

Lean Gaisce de bheith ag comhoibriú le Comhpháirtithe Déghradaim, Cumann Gasóg na hÉireann ina measc, Banóglaigh na hÉireann agus Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann, le gradaim Ghaisce a bronnadh ag searmanais chomhpháirtithe ó cheann ceann na bliana.



Nicola Toughey
Comhordaitheoir na hOifige Náisiúnta
Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann

"Is iad croíluachanna Ghradam Gaisce cumhachtú, ionchuimsiú, meas agus sármhaitheas, agus i mBanóglaigh Chaitliceacha na hÉireann cuireann ár nGradam Oisin dúshlán fúinn agus cumhachtaíonn sé ár gcailíní agus ár gcuid ban chun gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh agus scileanna ceannaireachta a shealbhú don todhchaí. Tríd an gcomhpháirtíocht le Gaisce, gnóthaíonn ár mbaill a ngradaim chun a leas féin agus leas a bpobail, agus leas na sochaí ina maireann siad."




Sean Sheehan
POF
Gasóga na hÉireann

"Tá mórchuid i bpáirt ag Gasóga na hÉireann agus Gaisce, Gradam an Uachtaráin: oibrithe deonacha atá i gceannas orthu beirt agus díríonn siad ar fhorbairt phearsanta agus ar an bhfoghlaim trí ghlacadh le dúshlain. Is Comhpháirtí Dhá Ghradam é Gasóga na hÉireann agus tá siad ag tnúth leis an gcomhpháirtíocht seo a choimeád ag imeacht, chun tacú lenár ndaoine óga chun gach gealladh atá fúthu a fhiorú."

Deirdre Henley
Uachtarán
Banóglaigh na hÉireann

"Tá mórchuid i bpáirt ag misean Bhanóglaigh na hÉireann agus misean Ghaisce. Cabhraíonn an forluí aoise idir na príomhcheannairí sa dá eagraíocht leo dúshlán a chur fúthu féin agus bláthú tar éis an Clár Dhá Ghradam a chur i bhfeidhm. Tá luach agus tábhacht ár gcomhpháirtíochta le feiceáil i dtorthaí chlár na nGradam Brainse Sinsearaí agus i gclár Ghradam Gaisce mar phróiseas éifeachtach sruthlínithe chun an dá Ghradam a chur i gcrích ag an am céanna."



Saoránacht Fhreagrach:
I mbun Comhpháirtíochta

1 AN GHNÓTHACHTÁIL A MHÉADÚ

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Earnála

Thacaigh comhpháirtíochtaí straitéiseacha le forbairt leanúnach agus infheictheacht na nGradam, lena n-áirítear comhoibriú leis an FAI, Gradaim Rannpháirtíochta Leanaí agus Óige Tusla, agus NYCI i réimse an Cheartais Aeráide.

Comhpháirtíocht Chorparáideach - Craghoppers

Bhunaigh Gaisce comhpháirtíocht le Craghoppers, príomhsholáthraí éadaí lasmuigh agus éadaí eachtraíochta. Mar chomhpháirtí i gceiliúradh cothrom 40 bliain Gaisce, sholáthair Craghoppers éadaí d'Ambasadóirí Óige, don fhoireann agus don Chomhairle, agus thacaigh siad le rannpháirtíocht ag imeachtaí náisiúnta lena n-áirítear na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta.

Léiríonn na comhpháirtíochtaí seo neart an chomhoibre chun aimsiú, ábharthacht agus tionchar Ghradam Gaisce a fheabhsú, agus a chinntiú go mbíonn rochtain ag níos mó daoine óga ar dheiseanna lánbhríocha le haghaidh forbartha pearsanta agus gnóthachtála.

CRAGHOPPERS

"Ós rud é go bhfuil aithne mhaith ar Ghaisce in Éirinn, agus gur príomhbhranda éadaí eachtraíochta é Craghoppers, is comhpháirtíocht éifeachtach í seo chun an príomhtheachtaireacht a chur abhaile: gur féidir le heispéiris faoin aer féinmhuinín, athléimneacht agus nasc buan leis an dúlra a chothú i measc daoine óga. Táimid bródúil as tacú le hAmbasadóirí Óige Gaisce le trealamh Craghoppers agus iad ag déanamh ionadaíochta ar Ghaisce agus ag spreagadh a bpiaraí i rith na bliana."



Gill Russell
Bainisteoir Cumarsáide & Comhpháirtíochtaí
Craghoppers Ltd.

Cothrom 40 bliain Gaisce

2 Inis Ár Scéal

Ba bhliain shuntasach í 2025 do Gaisce agus muid ag ceiliúradh cothrom 40 bliain de bheith ag cumhachtú agus ag spreagadh daoine óga chun spriocanna a shocrú, dúshlán a chur fúthu féin, agus rannchuidiú go dearfach lena bpobail. Thugamar onóir do ghnóthachtálacha níos mó ná 520,000 rannpháirtí, san am atá thart agus san am i láthair, a thug faoin nGradam ó 1985 i leith.

Ceiliúradh cothrom 40 bliain trí chlár dinimiciúil imeachtaí, feachtais agus tionscnaimh náisiúnta, faoi stiúir an Dúshláin Bí Tusa an tSaighead.

Príomhphointí

Áiríodh an chomhdháil um an Athrú Glúine agus PALCON, an chéad uair do Gaisce a bheith i láthair sa Chomórtas Treabhdóireachta, an chéad searmanas Gradam Óir arna óstáil ag an Uachtarán Catherine Connolly, agus mórfheachtas meán sóisialta inar leagadh béim ar ghuthanna agus ar scéalta daoine óga.

> **“Ba é an feachtas ‘Bí Tusa an tSaighead’ an leithscéal foirfe chun teagmháil a athbhunú le Gaisce – eagraíocht a d’fhág rian ar go leor againn, sa bhaile agus i gcéin. Thug sé deis freisin do chuid do na hiar-mhic léinn teacht le chéile, cuimhneamh orthu siúd a d’imigh ró-luath, agus cistí a bhí fíor-riachtanach a bhailiú ag an am céanna.”**



Christine Carty
Gaisce Alumni & rannpháirtí in Bí Tusa an tSaighead

2 Inis Ár Scéal



Dúshlán 'Bí Tusa an tSaighead'

I gcroílár na ceiliúrtha cothrom 40 bliain, tugadh cuireadh do dhaoine de gach aois dúshlán pearsanta nó grúpa a ghlacadh i rith mhí na Bealtaine mar chuid de 'Bí Tusa an tSaighead'. Spreag Gaisce daoine aonair, scoileanna, ionaid oibre agus pobail chun dúshlán a shocrú, iad féin a chur faoi bhrú, agus difríocht a dhéanamh, díreach mar a rinne na mílte daoine óga tríd an nGradam Gaisce le ceithre scór bliain anuas.

Chomh maith le Dúshlán Obair Dheonach, Fisiciúil nó Scileanna a shocrú dóibh féin, bhailigh rannpháirtithe in Bí Tusa an tSaighead cistí do Chiste Sparánachta SUAS Gaisce.

Gach duine a ghlacann páirt ann, faigheann siad Teastas speisialta digiteach cuimhneacháin (Teastas Dúshláin Gaisce) ón Uachtarán Caitríona Uí Chonghaile.





Postmharc An Post

Chomóir An Post cothrom 40 bliain Gaisce le **postmharc Gaisce 40**, speisialta, a bhí le feiceáil ar gach litir chaighdeánach.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

2 Inis Ár Scéal

D'fhreastail Gaisce ar na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta den chéad uair in 2025, le seastán i Sráidbhaile Rialtas na hÉireann. Thug breis is 156,000 duine cuairt ar an seastán sna trí lá, agus deis spreagúil ab ea an ócáid chun Gradam Gaisce a chur in aithne do lucht féachana nua agus athcheangal a dhéanamh le baill de phobal ginearálta Gaisce. Thug na Craobhchomórtais léargas uathúil ar shochaí na hÉireann, agus tugadh daoine ó gach cearn den tír le chéile ann.

Ó aghaidheanna aithnidiúla a chríochnaigh a nGradam blianta ó shin, go rannpháirtithe reatha agus daoine óga a bhfuil fonn orthu tús a chur lena n-aistear Gaisce, spreag an ócáid comhráite gan áireamh faoi éachtaí, forbairt phearsanta agus tionchar buan Gaisce.

Eispéireas fíorspeisialta ab ea é a mhairfidh i gcuimhne na ndaoine a bhí ann. Deis thábhachtach ab é chun aimsiú agus ábharthacht an Ghradaim ar fud na hÉireann a cheiliúradh.





Searmanas Ghradaim Óir Gaisce

2 Inis Ár Scéal

Tionóladh an chéad Searmanas Gradam Óir Gaisce, arna óstáil ag an Uachtarán Caitríona Uí Chonghaile i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA), Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, áit ar bronnadh a nGradaim Óir ar 50 duine óg.

Ba í an ócáid speisialta seo an chéad uair a bhronn an tUachtarán Uí Chonghaile Gradaim Óir Gaisce agus chuimsigh sé daoine ó gach cearn d'Éirinn agus de Thuaisceart Éireann a ghnóthaigh an Gradam. Thug sé deis freisin don Uachtarán bualadh le baill de Chomhairle Gaisce agus le hAmbasadóirí Óige Gaisce, agus dúthracht, athléimneacht agus éachtaí na ndaoine óga a bhí á n-aithint a cheiliúradh.



Sarah Teresa Malone a fuair Gradam

Sam O'Neill Faighteoir Ghradam Gaisce Óir

"Bhraith mé go raibh éacht déanta agam tar éis obair dhian trí bliana agus an oiread sin rudaí nua a fhoghlaim."

Searmanas Ghradam Óir Gaisce

2 Inis Ár Scéal

Mheall an ócáid clúdach fairsing sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha, agus bhí sé le feiceáil ar RTÉ One, Virgin Media One agus TG4, rud a chabhraigh le haird a tharraingt ar éachtaí lucht na nDuaiseanna agus ar thionchar Gaisce ó thaobh tacú le daoine óga an gealladh atá fúthu a chomhlíonadh.



Liam Nolan, Arron Kavanagh agus Ching Pang **a fuair gradaim**

Feachtais Bhliantúla

Feachtas Clárúcháin

Is abhcóidí díograiseacha iad Ambasadóirí Óige Gaisce don Ghradam, agus in 2025 threoraigh siad feachtas meán sóisialta mealltach a bhí deartha chun níos mó daoine óga a spreagadh chun tús a chur lena n-aistear Gaisce. Trí shraith postálacha agus físeáin barántúla, faoi stiúir na hóige, leagadh béim san fheachtas ar phríomhghnéithe den taithí Gradaim, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a roghnú, éachtaí Gaisce a thaispeáint ar CV agus an deis bualadh leis an Uachtarán ag Searmanas Gradaim Óir.


Trína dtaithí agus a léargais féin a chomhroinnt, chuidigh na hAmbasadóirí Óige le feasacht a mhúscailt faoin nGradam agus a bpiaraí a spreagadh chun páirt a ghlacadh, ag cinntiú go bhfanfadh guth na hóige i gcroílár an feachtas.

Lá Gaisce

Thug Lá Gaisce deis ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí rannpháirtithe Gaisce agus ar thionchar níos leithne an Ghradaim ar fud na hÉireann. Trí rannpháirtíocht dhíreach le Teachtaí Dála agus le Seanadóirí, trí ghníomhaíocht spriocdhírithe ar na meáin shóisialta agus trí chlúdach sna meáin réigiúnacha, chabhraigh an feachtas leis an difríocht dhearfach a dhéanann Gaisce i saolta daoine óga agus pobail ar fud na tíre a léiriú.

Fundúireacht Thomas F. Meagher

Chomhoibrigh Gaisce le Fondúireacht Thomas F. Meagher ar fhorlíonadh bliantúil Lá na Brataí de chuid an Irish Independent, ina raibh leathanach dúbailte sa nuachtán laethúil is mó in Éirinn. Foilsíodh é faoin téama 40 bliain d'athrú i saoil daoine óga a cheiliúradh, agus leagadh béim ann ar thionchar buan Ghradam Gaisce agus a ról i dtaca le glúnta daoine óga a thacú chun dúshlán a chur fúthu féin, scileanna nua a shealbhú agus gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh.



An tUrramach Michael Cavanagh

Comhbhunaitheoir
Fundúireacht Thomas F. Meagher

"Léiríonn an chomhpháirtíocht leanúnach idir Fondúireacht Thomas F. Meagher agus Gaisce, Gradam an Uachtaráin cumhacht an chomhair chun daoine óga a spreagadh chun glacadh le luachanna an mheasa, na hionchuimsitheachta agus na saoránachta gníomhaí. Tríd ár dtiomantas comhroinnte do Lá na Brataí, tugadh an deis do na mílte daltaí ar fud na hÉireann Bratach na hÉireann a cheiliúradh mar shiombail den tsíocháin agus ag an am céanna na bratacha agus na cultúir náisiúnta iomadúla atá léirithe laistigh dá bpobail scoile a aithint agus a ghlacadh. Le chéile, táimid ag cabhrú le glúin nua fís Thomas Francis Meagher den Tríthathach Éireannach a thuiscint mar shiombail aontachta idir traidisiúin, teachtaireacht atá chomh hábhartha inniu agus a bhí sí nuair a ardaíodh an bhratach den chéad uair. Táimid thar a bheith buíoch de Ghaisce as a gcomhpháirtíocht leanúnach chun an tionscnamh tábhachtach seo a thabhairt chuig scoileanna ar fud na hÉireann."

Ambasadóirí Óige Gaisce



Ambasadóirí Óige Gaisce le linn a gcuairte ar an mBruiséil in Aibreán 2025, ó chlé:

Eve O'Brien, Bainisteoir Foghlama Gaisce; Divine Eugene, Ebunoluwa Jambbadi; Ger Brady, Oifigeach Forbartha Gaisce; Conor Dillon; Eoin Moylan; Killian Burke; Sonya Naumova agus Aoibhinn Coffey.

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Rannpháirtithe

Is é croílár obair Ghaisce rannpháirtíocht agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga, agus tá réimse tionscnamh ann atá deartha chun feabhas a chur ar thaithí na rannpháirtithe, conairí dul chun cinn a sholáthar agus éachtaí a cheiliúradh.

Ambasadóirí Óige Gaisce

Sa bhliain 2025 seoladh clár Ambasadóirí Óige Gaisce, trínar tugadh le chéile 12 dhuine óg ó gach cearn d'Éirinn a dhéanann ionadaíocht ar raon éagsúil cúlraí, pobal agus taithí. Tá ról dúbailte ag na hAmbasadóirí Óige laistigh de Gaisce: léargais agus peirspictíochtaí luachmhara a sholáthar chun cabhrú le hobair na heagraíochta a threorú, agus gníomhú ag an am céanna mar abhcóidí don Ghradam agus rannpháirtíochta níos leithne a spreagadh i measc a gcomhghleacaithe.

I rith na bliana, ghlac na hAmbasadóirí Óige páirt i réimse deiseanna ardphróifíle a chuir ar a gcumas guthanna daoine óga a léiriú ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc na mbuaicphointí bhí cuairt ar Pharlaimint na hEorpa mar aíonna den bhFeisire Eorpach Maria Walsh, áit ar bhuail siad le Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa; rannpháirtíocht in imeachtaí tábhachtacha ar nós Tionól na nÓg Tuaithe, Fóram Óige na hÉireann-RA agus Tionól Náisiúnta na nÓg ar an Aeráid;







Youth Ambassadors

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Ár mbuíochas lenár nAmbasadóirí Óige Gaisce 2025: Aoibhinn Coffey, Caitlin Curley, Caoilfhinn Young, Conor Dillon, Divine Eugene, Ebunoluwa Jamgbadi, Eimear O'Daly, Eoin Moylan, Killian Burke, Laura Barry, Lucy Mullin and Sonya Naumova.

Ambasadóirí Óige Gaisce le linn a gcuairte ar an mBruiséil in Aibreán 2025, ó chlé:

Eve O'Brien, Gaisce Learning Manager; Divine Eugene, Ebunoluwa Jambbadi; Ger Brady, Gaisce Development Officer; Conor Dillon; Eoin Moylan; Killian Burke; Sonya Naumova and Aoibhinn Coffey.

Tacú le láithreacht Gaisce ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta; agus ag cur le feachtais sna meáin trína dtaithí phearsanta ar an nGradam a roinnt.

Trína gceannaireacht, a n-abhcóideacht agus a bhfonnmhaireacht a gcuid scéalta a roinnt, chuidigh na hAmbasadóirí Óige le guth na hóige laistigh de Gaisce a neartú agus níos mó daoine óga a spreagadh chun tús a chur lena n-aistear Gaisce.





Caitlin Curley
Ambasadóir Óige Gaisce

"Ba dheis iontach í a bheith i m'Ambasadóir Óige Gaisce chun ionadaíocht a dhéanamh ar son daoine óga agus páirt a ghlacadh i gcomhráite bríocha a mhúnlaíonn a dtodhchaí. Neartaigh an taithí seo m'fhéinmhuinín agus mo chumas ceannaireachta, chomh maith leis an gcreideamh atá agam gur féidir le daoine óga fíorthionchar a imirt nuair a éistear lena nguth."

Searmanas Gradam



Cheiliúir Gaisce gnóthachtálacha Ghaisce Óir, trí raon na searmanais ghradaim, lena n-áirítear rannpháirtithe Gradam Searmanas in lúil, searmanais a óstáladh ag Gaisce HQ, and chur i láthair ar fud na tíre, lena n-áirítear Com Gradam searmanais tionscnaimh i dTuaisceart Éire.

Tacaíochtaí Díreacha do Rannpháirtithe

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Thacaigh raon tionscnamh spriocdhírithe le rannpháirtithe ag céimeanna difriúla dá n-aistear Gaisce:

- Thug Ag Dul ar son an Óir, Cruinnithe Óir agus imeachtaí Punainne Óir tacaíocht shaincheaptha do 66 rannpháirtí sa Ghradam Óir
- Mar chuid de Dhúshlán na bhFórsaí Cosanta b'éigean do 12 rannpháirtí sa Ghradam Airgid dúshlán eispéiriúil ceithre lá a chomhlíonadh i gcomhpháirtíocht leis na Fórsaí Cosanta
- Rinneadh an tionscnamh um Sholáthraithe Ceadaithe an Turais Eachtraíochta a chur ar fáil go hiomlán, agus thacaigh 22 soláthraí ón earnáil phoiblí agus phríobháideach le rannpháirtithe agus le PALanna, lena n-áirítear treoir shaincheaptha agus rannpháirtíocht trí sheimineáir ghréasáin





Aibhsítear sna tionscnaimh seo gealltanas Gaisce i leith tacú le daoine óga le linn a n-aistear Gradaim, ionas go gcinntítear rannpháirtíocht lánbhríoch, forchéimniú agus gnóthachtáil.

Gaisce sna Scoileanna

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Tá scoileanna i gcroílár Ghradam Gaisce i gcónaí, agus faigheann na mílte daoine óga ar fud na hÉireann deiseanna a bheith rannpháirteach in clár a thacaíonn le forbairt phearsanta, gnóthachtáil agus saoránacht ghníomhach.





Cuirtear Gaisce ar fáil in iarbhunscoileanna ar fud na tíre, lena n-áirítear scoileanna DEIS, scoileanna speisialta agus suíomhanna oideachais mhalartacha; cuirtear creat cuimsitheach ar fáil a chuireann ar chumas daoine óga ó gach cúlra dúshlán a chur fúthu féin, scileanna nua a shealbhú agus aitheantas a fháil dá ngnóthachtálacha.
Trí thiomantas agus dhíograis Cheannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna), tá ról ríthábhachtach ag scoileanna maidir le deiseanna rannpháirtíochta a chruthú agus a chinntiú go dtacaítear le daoine óga ó cheann ceann a dturais Gradam.

Trí bheith ag bualadh le daoine óga san áit ina bhfuil siad agus solúbthacht a thairiscint maidir le conas a thugann siad faoin nGradam, cuidíonn Gaisce lena chinntiú go bhfaigheann an uile dhuine an deis gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh, beag beann ar a gcúinsí nó a bpointe tosaigh.

Gaisce sna Scoileanna

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Tacú le Rannpháirtíocht agus Críochnú na Scoile

ADe réir mar a leanann scoileanna ag freagairt do dhúshláin maidir le rannpháirtíocht, tinreamh agus coinneáil daltaí, tá ról níos tábhachtaí ag Gaisce chun cabhrú le daoine óga nasc a dhéanamh lena n-oideachas, lena bpobail agus lena gcumas féin.

Tugann an Gradam deiseanna do dhaoine óga rath a bhaint amach lasmuigh den seomra ranga, agus iad a spreagadh iad chun spriocanna a shocrú, scileanna nua a shealbhú agus bród a bheith acu as a ngnóthachtálacha. Trí obair dheonach, caitheamh aimsire fisiceach agus sealbhú scileanna pearsanta, méadaíonn rannpháirtithe a bhféinmhuinín, a n-athléimneacht, a gcumas ceannaireachta agus mothú muintearais - cáilíochtaí a thacaíonn ní hamháin lena dturas Gaisce ach lena dtaithí oideachais i gcoitinne.

Tá an ailíniú idir Gaisce agus cuspóirí an Chláir Críochnaithe Scoile ag éirí níos soiléire le blianta beaga anuas. Tugtar gealltanas sa dá thionscnamh tacú le daoine óga chun ceangal leis an oideachas a choinneáil, a láidreachtaí a aithint agus gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh. Trí dheiseanna lánbhríocha a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta agus gnóthachtála, cuidíonn Gaisce le scoileanna conairí dearfacha a chruthú a spreagann rannpháirtíocht, uaillmhian agus críochnú na scoile.

Tá tionchar Gaisce le feiceáil san fhéinmhuinín agus sna scileanna ceannasaíochta a shealbhaíonn na rannpháirtithe le linn a n-aistear Gradaim.

"Baineann na buntáistí a bhaineann le Gradam Gaisce a chomhcheangal leis an gClár Críochnaithe Scoile le comh-ailíniú a gcuid cuspóirí. Tá sé mar aidhm ag an gClár Críochnaithe Scoile cosc a chur le luathfhágáil na scoile i measc daoine óga trí fheabhas a chur ar an taithí scoile trí rannpháirtíocht i nGaisce. Cuireann Gaisce ar chumas daoine óga páirt a ghlacadh san oideachas ar bhealach a neartaíonn a gcreideamh sa mhéid is féidir leo a bhaint amach, rud a chruthaíonn sineirge chumhachtach agus fhoirfe idir an dá thionscnamh."

Sinéad Haughian
Comhordaithe oir an Chláir Críochnaithe Scoile
SCP Chroimghlinne
Íochtaraí agus Ceannaire Ghradam an Uachtaráin



"Bhí i bhfad níos mó rannpháirtíochta ag na daltaí i nGaisce ná mar a cheap mé a bheadh. Ba ábhar iontais an tslí ar athraigh siad ó bheith ina ndaltaí cúthaileacha ina suí ag cúl an tseomra lóin, ag éisteacht leis na ceannairí Gaisce, go bheith ag siúl go mórtasach laistigh den phobal scoile. Ghlac na daltaí seo go fonnmhar le turas Gaisce agus tá siad cumhachtaithe anois mar fhir óga agus iad ag tosú ar a n-aistear tríd an saol."

Clare Molloy
Múinteoir agus Ceannaire Ghradam an Uachtaráin



Gaisce sna Scoileanna

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Cultúr Gnóthachtála agus Forchéimnithe a Thógáil

In go leor scoileanna, tá Gaisce ag athrú ó eispéireas scoile aon-uaire go cuid sheanbhunaithe de shaol na scoile, agus tá líon na ndaoine óga a théann ar aghaidh trí leibhéil na ngradam ag dul i méid i gcónaí, rud a spreagann daoine eile chun teacht ina ndiaidh.

I gColáiste Cholmcille, Béal Átha Seanaidh, léiríonn an méadú ar rannpháirtíocht i nGaisce le deich mbliana anuas an tionchar buan is féidir a bheith ag an nGradam laistigh de phobal scoile. Tá Ceannaire Ghradam an Uachtaráin, Anna Gethins, ag tacú le daltaí ar a dturas Gaisce le naoi mbliana. Nuair a tugadh isteach an clár den chéad uair, timpeall dáréag daltaí a bhí páirteach ann. Sa bhliain 2025, bhí an líon sin méadaithe go 52 rannpháirtí, agus foireann de thriúr Ceannairí Ghradam an Uachtaráin ag tacú leo.

Agus í ag machnamh ar an bhfás seo, cuireann Anna cuid mhór de rath an chláir síos don tionchar a bhíonn ag rannpháirtithe ar a chéile.

De réir mar a mhéadaigh an rannpháirtíocht, mhéadaigh infheictheacht na forbartha pearsanta a tháinig ar dhaoine óga tríd an nGradam freisin. Is minic a aimsíonn daltaí nach bhfuil féinmhuinín acu ar dtús láidreachtaí nua trí obair dheonach, rannpháirtíocht phobail agus obair i dtreo spriocanna lánbhríocha.

> **“Fás agus féinmhuinín mhór i measc na ndaltaí. Tá sé níos feiceálaí fós sna daltaí ciúine, tá siad in ann labhairt amach ar a son féin. Tá páirt mhór ag rannpháirtíocht sa phobal ansin.”**

Trí ghníomhaíochtaí ar nós tacú le clubanna spóirt áitiúla, dul i mbun oibre le daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh ealaíon pobail, sealbhaíonn daoine óga féinmhuinín, comhbhá agus nasc níos láidre leis na pobail ina gcónaíonn siad.

Léiríonn fás an Ghradam Airgid laistigh den scoil an chaoi a bhfuil daltaí níos fonnmhaire anois le glacadh le deiseanna chun dúshlán a chur fúthu féin agus chun gealltanas níos fadtéarmaí a dhéanamh. Ó tugadh isteach é trí bliana ó shin, tá méadú seasta tagtha ar an rannpháirtíocht ó chúigear daltaí sa chéad bhliain, go naonúr an bhliain dár gcionn, agus 19 rannpháirtí in 2025.

I gcás go leor daoine óga, is cloch mhíle thábhachtach ina bhforbairt phearsanta é dul ar aghaidh ón nGradam Cré-umha go dtí an Gradam Airgid.



> **“Tá níos mó tóir ná riamh ar Ghaisce, agus is iad na daoine óga is cúis leis, agus an tslí a scaipeann an scéal ó dhuine go duine.”**

> **“Tá níos mó ama agus iarrachta i gceist leis an nGradam Airgid, mar sin is comhartha é go bhfuil siad ag dul in aibíochta trí ghealltanas a thabhairt a mhairfidh i bhfad níos faide Tugann sé deis dóibh a gcumas a mhéadú agus glacadh le freagracht níos mó.”**

Gaisce sna Scoileanna

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Cultúr Gnóthachtála agus Forchéimnithe a Thógáil

Spreagann an t-aistriú daoine óga freisin chun dul taobh amuigh dá ngrúpaí sóisialta agus dá gcriosanna compoird, rud a chothaíonn neamhspleáchas agus athléimneacht.

> **Tógann sé cuid mhaith féinmhuiníne nuair nach mbíonn siad ach 16 nó 17 dul amach i measc an phobail agus rud éigin a dhéanamh, ach is fusa dóibh é a dhéanamh i dteannta a chéile. Tugann sé deis dóibh dul lasmuigh dá gcrios compoird.**

De réir mar a chríochnaíonn níos mó daltaí Gradaim Airgid, glactar leis an bhforchéimniú sa scoil mar ghnáthrud, rud a chruthaíonn timthriall dearfach uaillmhéine agus éachta. Feiceann daltaí an méid ar éirigh lena bpiaraí a dhéanamh, agus bíonn cuid acu ag féachaint ar aghaidh cheana féin ag smaoineamh ar an nGradam Óir a dhéanamh sa bhreisoideachas nó san ardoideachas. Ghlac dalta amháin a chríochnaigh an Gradam Airgid go neamhspleách, gan chairde a bheith ag glacadh páirte in éineacht léi, páirt iomlán sa chlár agus tá sí ag smaoineamh go gníomhach anois ar a Gradam Óir a shaothrú agus í sa choláiste.

Tacaíonn an Gradam le daoine óga freisin agus iad ag ullmhú do dheiseanna amach anseo. Tuigeann daltaí a fhiúntaí atá sé tiomantas, ceannaireacht, freagracht agus rannpháirtíocht phobail a léiriú trína rannpháirtíocht i nGaisce. Beag beann ar cibé acu atá siad ag cur isteach ar róil reachtóra, poist cheannaireachta laistigh den scoil, nó deiseanna oideachais agus fostaíochta amach anseo, féachann go leor acu ar a nGradam mar chruthúnas ar a gcarachtar agus ar a gcumais.

Spreagann an rannpháirtíocht daoine óga chun teagmháil a dhéanamh le daoine aonair agus le pobail lasmuigh dá ngrúpaí cairde féin, rud a chothaíonn ionchuimsiú, comhbhá agus tuiscint níos leithne ar an bhfreagracht shóisialta. Trí thiomantas leanúnach d'obair dheonach, caitheamh aimsire fisiceach agus sealbhú scileanna pearsanta, forbraíonn rannpháirtithe nósanna agus bíonn eispéiris acu a thacaíonn lena bhfolláine, lena n-athléimneacht agus lena bhféinmhuinín, rud a chabhraíonn leo bláthú ar scoil agus ina diaidh.

I gcás rannpháirtithe, is minic a thagann an taithí a bhaineann le Gradam Gaisce a chríochnú le bheith ina catalaíoch d'fhás pearsanta, a spreagann iad chun céim amach as a gcriosanna compóird a thógáil, scileanna nua a shealbhú agus eolas a chur ar an méid is féidir leo a bhaint amach.

> **Mholfainn Gaisce go láidir mar gur bealach fíormhaith é chun rudaí nua a thriail, dul thar do theorainneacha agus scileanna a fhoghlaim nach bhfaighfeá ar scoil go deo b'fhéidir. Is furasta a bheith comhsheasmhach agus coinneáil ort má bhíonn nós seachtainiúil agat mar bhí sprioc shoiléir agam riamh. Is cinnte go mbíonn obair go leor i gceist le Gaisce, ach bíonn toradh maith ar an obair chrua sin agus tugann sí sásamh mór.**
>
> **Mia Rose Siju**
> **Rannpháirtí Gaisce**

De réir mar a lorgaíonn scoileanna bealaí chun tacú le rannpháirtíocht agus go gcinntíonn siad go mbíonn an deis ag gach duine óg bláthú, leanann Gaisce de chreatlach chumhachtach a sholáthar le haghaidh rannpháirtíochta, fás pearsanta agus gnóthachtála. Trí dhíograis na bPALanna, tacaíocht na bpobal scoile agus tiomantas na rannpháirtithe féin, tá an Gradam ag cabhrú le daoine óga féinmhuinín, scileanna agus braistint cuspóra a mhéaú, rud a rachaidh chun tairbhe dóibh ar feadh a saoil.

Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna)

3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid



Tá ról lárnach ag Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) i gcur ar fáil Ghradam Gaisce: tacaíonn siad le rannpháirtithe agus treoraíonn siad i raon leathan suíomhanna. Sa bhliain 2025, lean Gaisce de bheith ag infheistiú in aitheantas, forbairt agus tacaíocht do PALanna ar fud na tíre.

PALCON agus Gradaim Fiúntais Shibhialta

Tionóladh PALCON, comhdháil bhliantúil Gaisce do PALanna, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus tugadh ceannairí ó gach cearn den líonra le chéile chun nascadh a dhéanamh, foghlaim a roinnt le chéile agus a gcuid oibre a cheiliúradh. Bhí plé painéil, aoichainteoirí agus deiseanna líonraithe ar fáil mar chuid den ócáid, chomh maith le bronnadh na nGradaim Fiúntais Shibhialta bliantúla.

Tá sé ríthábhachtach do Gaisce aitheantas a thabhairt do thacaíocht, do thiomantas agus do dhíograis Cheannairí Ghradam an Uachtaráin, agus dá réir sin roghnaíomar ár mbliain chomórtha 40 bliain chun córas nua ilsrathach den

As seo amach, aithneoidh Gaisce PALanna tar éis 5, 10 agus 15 bliana de sheirbhís ghníomhach, rud a neartóidh cultúr an aitheantais laistigh den líonra tuilleadh.

Bronnadh na chéad Ghradaim Fiúntais Shibhialta a léiríonn an córas nua ag PALCON i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.



Darina Halpenny
A fuair Gradam PAL & Gradam Fiúntais Shibhialta

> **"A leithéid de lá agus a bhí againn ag gradaim PALCON. Bhí sé dochreidte, bhraitheamar gur lá speisialta a bhí ann ó thús deireadh. Bhíomar cosúil le daoine mór le rá - an t-ionad, an bhraistint gur ócáid mhór a bhí ann agus ba é an rud ab fhearr gradam fiúntais shibhialta a fháil. Tá Gaisce go hiontach ó thaobh meas a léiriú ar na PALanna, aird a thabhairt orthu agus iad a cheiliúradh. Ba é buaicphointe mo bhliana oibre, gan amhras ar bith. Buaicphointe eile ab ea é casadh ar PALanna eile, comhrá agus ceangal a dhéanamh leo. Fuaireamar tacaíocht thar na bearta i gcónaí ó Ger, ár n-oifigeach forbartha. Gabhaimid buíochas ó chroí leis an uile dhuine a bhí páirteach ann as eispéireas a gcuimhneoimid go deo air a chur ar fáil dúinn."**

> **"A leithéid de lá – a leithéid de ghluaiseacht – a leithéid de dhaoine - bhraith mé chomh mórtasach ní amháin as Gaisce ach as na rannpháirtithe agus na hoibrithe deonacha ar fad ar oibrigh mé leo thar na blianta – b'fhiú go mór na siúlóidí lábacha sin amuigh sna sléibhte."**

Helen Farrell Kare



3 Sármhaitheas i nGach a nDéanaimid

Oiliúint agus Forbairt

Bhí oiliúint agus tacaíocht chuimsitheach á gcur ar fáil ag Gaisce do PALanna ó cheann ceann na bliana.

18 PAL
shábháilte agus oiliúna cuireadh ar fáil iad

431 PALanna nua oilte

Ceardlann don Turas Eachtraíochta a raibh 40 PAL páirteach ann, ag tacú le seachadadh slán éifeachtach na comhpháirte lárnaí seo den Ghradam

Fuair **1,351 PAL** san iomlán tacaíocht ó fhoireann Gaisce

Mealladh **122** rannpháirtí, chuig seimineáir taispeánta do Chomhpháirtithe Dúshláin, rud a neartaigh an nasc idir na PALanna, soláthraithe agus rannpháirtithe

Cinntíonn an infheistíocht leanúnach seo i PALanna cáilíocht, comhsheasmhacht agus aimsiú leanúnach Ghradam Gaisce, ag tacú le heispéiris agus torthaí dearfacha do dhaoine óga ar fud na tíre.

STRUCHTÚR, RIALACHAS & BAINISTÍOCHT

Comhairle Gaisce

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í Gaisce - Gradam an Uachtaráin, nach bhfuil scairchaipiteal aici. Bhronn na Coimisinéiri Ioncam stádas carthanachta ar an gcuideachta (CHY 8482) agus tá sí cláraithe leis an Rialtóir Carthanas (CRN 20020903). Cé nach comhlacht stáit é Gaisce, tá sé 'faoi choimirce' na Roinne Oideachais agus Óige.

In 2025, chuir Gaisce na tuairisceáin riachtanacha go léir isteach chuig an Rialálaí Carthanas agus chuig Oifig na gCuideachtaí agus chomhlíon sé na ceanglais ábhartha dlí agus rialála go léir.

Is comhalta iomlán é Gaisce d'Institiúid Carthanas na hÉireann (CII), comhlacht ionadaíoch atá dírithe ar dhea-chleachtas a chumasú, caighdeáin a ardú agus trédhearcacht a chur chun cinn. Bhronn an CII an stádas Glas Triarach ar Ghaisce as seasamh leis na caighdeáin is airde maidir le tuairisciú trédhearcach, bailiú airgid go heiticiúil agus struchtúir láidre rialachais.

Tá coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ag Gaisce atá freagrach as Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm. I mBealtaine 2025 d'fhormheas Gaisce Beartas nua um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Tá Gaisce á rialú ag Comhairle de suas le 15 chomhalta Ceapann an tAire Oideachais agus Óige comhaltaí na Comhairle agus déanann sé amhlaidh de réir na dTreoirlínte um Cheapacháin ar Bhoird Stáit (2014). Cuirtear iarratais ar fholúntais Chomhairle ar shuíomh gréasáin an Chórais um Cheapacháin Phoiblí (www.stateboards.ie) agus déanann oifigigh laistigh de Roinn an Aire aithris ar phróiseas an Chórais um Cheapacháin Phoiblí chun gearrliosta a aithint don Aire. Bíonn an Cathaoirleach páirteach sa phróiseas roghnúcháin freisin.

Roimh ré nó mar fhreagra ar fholúntas, déanann an Chomhairle iniúchadh scileanna (nó féachtar siar ar cheann a rinneadh roimhe seo). Cuireann an Cathaoirleach tús leis an bpróiseas seo chun aon bhearnaí in eolas nó i dtaithí na Comhairle a aithint.

Ceanglaítear ar iarrthóirí ionchasacha don Chomhairle spéis agus taithí a léiriú i mbeartais/córais a chuireann ar chumas agus a thacaíonn le daoine óga, obair óige agus saoránacht ghníomhach; tuiscint ar bhunús, réasúnaíocht agus ról Gaisce; agus na príomhfhreagrachtaí rialachais a bhíonn ar chomhaltaí de bhoird carthanachta. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann cumas a léiriú faoi cheann amháin ar a laghad de na réimsí inniúlachta seo a leanas:

forbairt óige (príomh-inniúlacht); airgeadas, cuntasaíocht agus iniúchadh; intleacht shaorga agus digiteach; rialachas corparáideach agus comhlíonadh; forbairt agus nuálaíocht eagraíochtúil; dlí; margaíocht agus cumarsáid.

Is é 3 bliana téarma ceapacháin chomhaltaí na Comhairle, nó tréimhse níos lú ná 3 bliana de réir mar a chinnfidh an tAire, cibé acu chun uainíocht a chinntiú nó ar aon chúis eile. I gcomhréir le dea-chleachtas rialachais chorparáidigh, ní chuireann aon chomhalta den Chomhairle níos mó ná dhá théarma ceapacháin iomlána as a chéile isteach.

Chomh maith leis an bpróiseas atá leagtha amach thuas, tá dhá chomhlacht ainmniúcháin ann:

- Ainmníonn Áras an Uachtaráin beirt chomhaltaí.
- Ainmníonn Roinn an Taoisigh comhalta amháin.

Tá dhá ghné lárnacha i gceist leis an bpróiseas ionduchtaithe do chomhaltaí na Comhairle: comhad doiciméadachta a sholáthar, agus cruinnithe idir an comhalta nua den Chomhairle agus Cathaoirleach agus POF Gaisce.



Baill Chomhairle Gaisce leis an Uachtarán Caitríona Uí Chonghaile ag searmanas Ghradam Óir Gaisce i mí na Nollag 2025 (ó chlé):

Adam Peerbux, Áine Kerr (Cathaoirleach), Avril Ryan (POF Gaisce), an tUachtarán Connolly, Aoife Prendergast, an Dr. Norah Burns, Jenny Gannon, Vincent Teo, an Dr. Shane Bergin agus Anna-Marie Turley.

Comhairle Gaisce

Comhairle Gaisce

Tá ról na Comhairle (mar chomhaltaí aonar agus mar ghrúpa) sainmhínithe go hiomlán i Lámhleabhar na Comhairle agus is féidir é a achoimriú mar seo a leanas:

- A chinntiú go bhfuil fís, misean agus treo straitéiseach soiléir ag an eagraíocht agus go bhfuil sí dírithe ar na caighdeáin seo a bhaint amach;
- A chinntiú go bhfuil rialachas na heagraíochta ar an gcaighdeáin is airde is féidir, go nglacann sí freagracht as a hiompar "corparáideach" agus go gcomhlíonann sí gach ceanglas dlíthiúil agus rialála;
- Dea-chlú agus luachanna na heagraíochta a chosaint;
- Riarachán éifeachtach agus éifeachtúil na heagraíochta a chinntiú;
- Cobhsaíocht airgeadais na heagraíochta a chinntiú;
- Gníomhú mar chaomhnóirí ar shócmhainní na heagraíochta, inláimhsithe agus doláimhsithe araon, agus gach cúram a dhéanamh dá slándáil, dá láithriú agus dá gceartúsáid;
- An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a a bhfeidhmíocht.

Ceanglaítear ar Chomhaltaí na Comhairle dearbhú coinbhleachta leasa/dílseachta a chomhlánú nuair a ghlacann siad a bpost ar an gComhairle den chéad uair agus iarrtar orthu Rúnaí na Cuideachta a chur ar an eolas faoi aon athruithe ina leith seo. Is mír bhuan ar an gclár oibre ag gach cruinniú Boird é coinbhleacht leasa/dílseachta. Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle aon íocaíocht as a seirbhís, ach amháin an rogha chun costais dhoiciméadaithe as póca a aisghabháil.

Sa bhliain 2025, chomhlíon an Chomhairle sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne a bheith i gceannaireacht na ngníomhaireachtaí maoinithe.

Comhalta den Chomhairle	Athruithe ar Stiúrthóireachtaí in 2025
Orla Leahy	D'éirigh as 19/05/2025
Lydia Gratis	D'éirigh as 26/02/2026

Áirítear ar phríomhghnéithe chur chuige na Comhairle maidir le cur chun cinn na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta agus an dul chun cinn atá á dhéanamh sa réimse seo::

- Déanann an Cathaoirleach monatóireacht ar an Aire Oideachais agus Óige agus cuireann sé ar an eolas é má thagann cás chun cinn ina bhfuil tearcionadaíocht ag mná nó fir ar an gComhairle;
- Cuimsíonn próiseas meastóireachta na Comhairle anailís mhionsonraithe ar an meascán inscne, éagsúlachta agus scileanna laistigh den Chomhairle, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, measúnú criticiúil ar na cúiseanna nár baineadh cothromaíocht inscne amach i gcomhaltas na Comhairle go fóill;
- Cultúr atá bunaithe ar luachanna a thógáil agus a chur chun cinn a bheidh ríthábhachtach chun cothromaíocht inscne a choinneáil agus a thacú agus éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn in oibríochtaí Gaisce;
- Freastal ar oiliúint sna réimsí ábhartha chun idirdhealú a ruaigeadh, cearta an duine a chosaint agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn i measc fhoireann Gaisce, geallsealbhóirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a mbíonn tionchar ag a mbeartais agus a bpleananna orthu.

Cathaoirleach

Is stiúrthóir agus comhalta den chuideachta an Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Óige de réir na dTreoirlínte um Cheapacháin ar Bhoird Stáit (2014).

Ní féidir leis an gCathaoirleach a bheith ina fhostaí de chuid Gaisce. Tá freagrachtaí an Chathaoirligh comhionann le freagrachtaí ball den Chomhairle a bhfuil dualgais bhreise air/uirthi maidir leis an gComhairle agus an POF a choinneáil cuntasach as misean agus fís Ghaisce; ceannaireacht chuimsitheach a sholáthar don Chomhairle; agus a chinntiú go gcomhlíonann gach ball den Chomhairle a ndualgais agus a bhfreagrachtaí maidir le rialachas éifeachtach na heagraíochta. Tacaíonn an Cathaoirleach leis an bPOF freisin, agus, nuair is iomchuí, cuireann sé/sí dúshlán faoi/fúithi agus cinntíonn sé/sí go bhfeidhmíonn an Chomhairle mar aonad, ag obair go dlúth leis an POF chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach. Tá ról an Chathaoirligh mínithe i Lámhleabhar na Comhairle.

De ghnáth bíonn 5 chruinniú den Chomhairle ar a laghad i mbliain féilire ar dhátaí a comhaontaítear roimh ré ar bhonn bliantúil. Sa bhliain 2025 bhí 6 chruinniú Comhairle ann, an CCB san áireamh. Leagann an tábla seo a leanas amach láithreacht ag cruinnithe na Comhairle (áit a seasann 'x' do láithreacht):

	13 Fea	1 Beal	26 Meitheamh CCB	26 Meitheamh	25 M.F	27 Samh	Tinreamh Iomlán
Shane Bergin	X	X	X	X	Leithscéalta	X	5 of 6
Norah Burns	X	X	X	X	X	X	6 of 6
Eugene Farrelly	X	X	X	X	X	X	6 of 6
Jennifer Gannon	X	X	X	X	X	X	6 of 6
Lydia Gratis	Leithscéalta	X	Leithscéalta	Leithscéalta	X	X	3 of 6
Áine Kerr (Cath)	X	X	X	X	X	X	6 of 6
Ali Khan	Leithscéalta	X	X	X	X	X	5 of 6
Orla Leahy (D'éirigh as 19.05.25)	X	Leithscéalta	N/bh	N/bh	N/bh	N/bh	1 of 2
Adam Peerbux	X	X	X	X	X	X	6 of 6
Aoife Prendergast	X	X	X	X	X	X	6 of 6
Vincent Teo	X	X	X	X	X	X	6 of 6
Anna-Marie Turley	X	Leithscéalta	X	X	X	X	5 of 6
Líon iomlán a bhí i láthair	10 of 12	10 of 12	10 of 11	10 of 11	10 of 11	11 of 11	
Céatadán Tinrimh	83%	83%	91%	91%	91%	100%	

Rúnaí na Cuideachta

De réir na gceanglas dlíthiúil a bhaineann le cuideachta chláraithe, tá Rúnaí Cuideachta ag Gaisce. De réir dhoiciméid rialaithe na heagraíochta, is ball foirne é Rúnaí na Cuideachta nach é/í an POF. Is é ról Rúnaí na Cuideachta fógra a thabhairt faoi chruinnithe na Comhairle; páipéir a scaipeadh roimh ré; miontuairiscí a ghlacadh ag cruinnithe na Comhairle agus log gníomhaíochta a choinneáil ar na cinntí uile a dhéantar. Is é Alex Davis, Oifigeach Rialachais agus Tacaíochta Gnó i Gaisce, Rúnaí na Cuideachta reatha.

Fo-choistí

Bunaítear fo-choistí chun déileáil le réimsí oibre leanúnacha nó chun píosaí sonracha oibre a chur chun cinn. An Chomhairle a cheapann gach fo-choiste agus is féidir le gach ball den Chomhairle a bheith ina bhall d'fho-choistí na Comhairle.

Tá beirt chomhalta ar a laghad den Chomhairle ar gach fo-choiste agus gach fo-choiste acu faoi cheannas ball den Chomhairle.

Bíonn Téarmaí Tagartha ag fo-choistí atá comhaontaithe ag an gComhairle iomlán agus ina sonraítear ainm, cuspóir, ballraíocht agus údarás an ghrúpa. Fo-Pléann coistí saincheisteanna laistigh dá réimse freagrachta ar leithligh ón gComhairle iomlán, agus cuireann siad moltaí nó cinntí faoi bhráid na Comhairle iomláine lena ndaingniú. Mura ndéantar freagrachtaí cinnteoireachta a tharmligean chuig an bhFo-choiste (go cuí agus i gcomhréir le hoibleagáidí reachtacha agus dea-rialachais), is í an Chomhairle atá freagrach as aon ghníomhartha molta a cheadú.

In 2025, ba iad baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Eugene Farrelly, Jennifer Gannon (Cathaoirleach), Vincent Teo, Anna Marie Turley.

In 2025, ba iad baill an fho-choiste Rialachais: Shane Bergin (Cathaoirleach), Norah Burns, Jennifer Gannon, Ali Khan, Orla Leahy, Adam Peerbux.

In 2025, ba iad baill an fho-choiste AD agus Luach Saothair: Lydia Gratis, Áine Kerr, Aoife Prendergast agus Anna Marie Turley (Cathaoirleach).

Ba iad seo a leanas baill Choiste Tionscnaimh an Chomhghradaim ag deireadh na bliana: Áine Kerr, Norah Burns, Shane Bergin (tá ionadaithe ó Ghradam Dhiúc Dhún Éideann TE ar an gcoiste, leis)

Gheofar tinreamh ag na cruinnithe d'fho-choistí in 2025 sa tábla seo a leanas:

Fo-Choiste	FEA	AIB	BEAL	MEITH	LÚN	M.F.	SAMH
Rialachas	4th SB, NB, JG, AKhan, OL	22nd SB, NB, AKhan, AKerr, OL		17th SB, JG, NB, AK, AP	25th SB, AKhan, NB, AP, AKerr		11th SB, AP
Airgeadas, Iniúchadh & Riosca	7th JG, VT, AMT, EF	24th JG, VT, AMT	20th JG, VT, AMT	19th JG, VT, AMT, EF		15th JG, VT, AMT, EF	17th JG, VT, AMT
AD & Luach Saothair		14th AP, AMT		20th AP, AMT			18th AMP, AP, AK

Comhlíonadh agus Riosca

ISa bhliain 2025, chuir Gaisce a Thuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Rialálaí Carthanas, a thuairisceáin faoin Acht um Rialáil Stocaireachta agus a chomhduithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, laistigh de na spriocdhátaí riachtanacha

Cloíonn Gaisce i gcónaí leis an Ráiteas um Prionsabail Threoracha maidir le Bailiú Airgid, cód iompair deonach arna dhréachtú ag cleachtóirí a bhailíonn airgead do charthanachtaí agus ag deontóirí le tacaíocht ó ghairmithe dlí, cuntasaíochta agus gairmithe gaolmhara eile. I mí Feabhra 2024, ghlac Gaisce leis na Treoirlínte arna n-eisiúint ag an Rialálaí Carthanas d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Bailiu Airgid ón bPobal. Comhlíonann an eagraíocht gach oibleagáidí faoi Thús Áite do Leanaí, an treoir náisiúnta do chosaint agus leas leanaí agus gach caighdeán cáilíochta maidir le scagadh PAL agus beartais cosanta leanaí agus cuireadh gach beartas i bhfeidhm go hiomlán in 2025. Comhlíonann Gaisce an Cód Rialachais do Charthanais go hiomlán. D'fhormheas an Chomhairle an Taifead Comhlíonta i mí an Mheithimh 2025 agus tuairiscíodh é i dtuarascáil bhliantúil Ghaisce chuig an Rialálaí Carthanas agus ar www.gaisce.ie

Is mír bhuan ar chlár oibre chruinnithe na Comhairle í an chomhlíonadh. D'aontaigh Comhairle Gaisce liosta de rialtóirí, maoinitheoirí agus réimsí freagrachta reachtacha atá le comhlíonadh. Cinntíonn sainmhíniú agus cur síos infheidhme ar gach réimse go dtuigeann an Chomhairle go hiomlán freagrachtaí na heagraíochta i ndáil le gach réimse. Tarmligtear comhlíonadh chuig an bhFeidhmeannas, agus is í freagracht an POF a chinntiú go mbíonn an eagraíocht comhlíontach i ngach réimse. Coinníonn Rúnaí na Cuideachta tuarascáil stádais chomhlíontachta beo agus cothrom le dáta.

Ag cruinnithe den Chomhairle, soláthraíonn an POF (le tacaíocht ó Chathaoirligh na bhfo-choistí ábhartha agus ó Rúnaí an Chontae) nuashonrú ar stádas comhlíontachta na heagraíochta i réimsí tábhachtacha lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht; gearáin; cosaint leanaí; feidhmíocht foirne/AD; cosaint sonraí; comhlíonadh ceanglais tuairiscithe maoinitheoirí (poiblí agus príobháideach); ceanglais chomhlíontachta CRO; ceanglais chomhlíontachta CRA; ceanglais chomhlíontachta oibriúcháin chaighdeánacha; airgeadas agus beartas airgeadais; agus clár na gceanglas stocaireachta.

Tá foireann lárnach de thart ar 19 ball foirne ag Gaisce, faoi stiúir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tuairiscíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go díreach don Chomhairle tríd an gCathaoirleach.

Tá luach saothair na foirne a earcaíodh roimh 2015 ailínithe le gráid na státseirbhíse. Forálann polasaí luach saothair do luach saothair na foirne a earcaíodh in 2015 agus ó shin. Cuireadh an beartas i dtoll a chéile leis an aidhm go mbeadh sé cothrom, trédhearcach agus comhsheasmhach, agus soláthraítear treoirlínte chun fostaithe a bhfuil na scileanna cuí acu a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil chun tosaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta a chomhlíonadh. Tacaíonn beartais eagraíochtúla eile a bhaineann le bainistíocht foirne agus acmhainní daonna, lena n-áirítear próiseas feidhmíochta agus forbartha, leis an mbeartas seo.

Foireann Gaisce

Príomhfheidhmeannach
Avril Ryan

Foireann Ceannaireachta
Sarah Gallagher, Ceann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta
Louise Place, Ceann na Tacaíochta Oibriúcháin
Karol Quinn, Ceann na gClár agus na Forbartha Straitéisí

Foireann Tacaíochta Gairmiúla
Alex Davis, Oifigeach Rialachais agus Tacaíochta Gnó
Christopher Moloney, Riarthóir Tacaíochta Gnó (go dtí Lúnasa)
Sadhbh O'Riordan, Riarthóir Tacaíochta Gnó (Meán Fómhair – Nollaig)
Deirdre Phelan, Riarthóir Tacaíochta Gnó

Foireann Cumarsáide
Shane Barr, , Oifigeach um Meán Digiteach & Ábhar Sóisialta (go dtí Samhain)
Hannah Dempsey, Oifigeach Cumarsáide

Foireann Oibríochtaí
Paul Darby, Bainisteoir Náisiúnta Forbartha
Marion Irwin Gowran, Bainisteoir Tionscadail
Eve O'Brien, Bainisteoir Foghlama
Ger Brady, Oifigeach Forbartha
Jennifer Gallagher, Oifigeach Tionscadail
Clíodhna Malone, Oifigeach Forbartha (ó Mheitheamh)
Siobhan Noctor, Oifigeach Forbartha
Stephen Peers, Oifigeach Forbartha
Joy Winston, Oifigeach Forbartha
Mary Yore, Oifigeach Forbartha



ATHBHREITHNÚ AIRGEADAIS

Tá na torthaí leagtha amach ar leathanach 58. B'ionann ioncam iomlán na bliana agus €1,667,056 agus b'ionann an caiteachas iomlán agus €1,620,103. Bhí barrachas de €46,952 ag an eagraíocht sa bhliain.

Is féidir leis an eagraíocht méadú 16% ar ioncam a thuairisciú in 2025 i gcomparáid le 2024 de €231,126. Leanfaidh an eagraíocht de dheiseanna a fhiosrú chun foinsí maoinithe breise a fháil i gcomhréir le cuspóirí agus luachanna na heagraíochta.

Ba é €972,722 (2024: €926,402) croídheontas Gaisce a fuair sí ón Roinn Oideachais agus Óige.

Tá Gaisce thar a bheith buíoch as tacaíocht airgeadais a maoinitheoirí go léir.

Deontais Rialtais

Tá deontais á bhfáil ag Gaisce ón Roinn Oideachais agus Óige (deontas Maoinithe Lárnaigh, deontas Caipitil Óige, deontais tionscadail speisialta). Tá deontais tionscadail faighte againn ón Roinn Dlí agus Cirt agus Cúnamh Éireann (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála).

Pinsean

Oibríonn Gaisce scéim pinsin ranníocaíochta sainithe d'fhostaithe a thosaigh a dtréimhse fostaíochta leis an eagraíocht roimh 2014. Is ionann an ranníocaíocht a dhéanann an eagraíocht agus dhá oiread ranníocaíocht na mball foirne rannpháirteach, suas le huasmhéid de 13% den tuarastal comhlán. Ceanglaítear ar bhaill foirne atá fostaithe ón 1 Eanáir 2014 ranníocaíocht a dhéanamh leis an Scéim Pinsin Earnála Poiblí Aonair (SPSPS). Ní dhéanann an eagraíocht ranníocaíocht airgeadais leis an SPSPS.

Beartas Cúlchistí

Molann an tÚdarás Rialála Carthanas do charthanachtaí Beartas Cúlchistí a choimeád. Is é an treoir a eisítear de bhun alt 14(1) d'Acht na gCarthanas 2009, ná riarachán agus bainistíocht níos fearr ar eagraíochtaí carthanúla (carthanachtaí) a spreagadh agus a éascú. Tá Beartas Cúlchistí bunaithe ag Comhairle Gaisce chun cobhsaíocht mhisean, fhís, chláir, fhostaíocht agus oibríochtaí leanúnacha na heagraíochta a chinntiú agus chun foinse cistí inmheánacha a sholáthar do thosaíochtaí eagraíochtúla nó do dheacrachtaí gan choinne. Tá sé beartaithe tacú leis na spriocanna agus na straitéisí atá i mbeartais rialachais agus airgeadais na heagraíochta.

Tá comhaontú déanta gurb é an leibhéal cúlchistí is oiriúnaí a choinneáil €500,000 do Chúlchistí Ginearálta agus €100,000 do Chúlchistí Speisialta chun go bhféadfar moltaí chuig an gComhairle ón bPríomhfheidhmeannach agus/nó ó Chomhaltaí na Comhairle a bhreithniú. Dá bhrí sin, is é €600,000 an spriocleibhéal do chúlchistí neamhshrianta. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas Cúlchistí. Ag deireadh na bliana, is é €581,769 cúlchiste neamhshrianta na heagraíochta.

Príomhrioscaí agus éiginnteachtaí

Chomh maith le méadú ar chroídheontas na heagraíochta in 2025, tugann na stiúrthóirí faoi deara go bhfuil feabhas tagtha ar leibhéil chlárúcháin. Tá na stiúrthóirí aireach ar spleáchas na heagraíochta ar ioncam deontais, lena n-áirítear deontais reachtúla, agus táillí clárúcháin agus leanfaidh siad orthu ag forbairt agus ag iniúchadh deiseanna maoinithe chun an chéad straitéis eile (2026-30) a sheachadadh, a chuirfear i dtoll a chéile in 2025. Agus a ráitis airgeadais 2025 á n-ullmhú acu, tá deiseanna comhpháirtíochta agus maoinithe aitheanta ag an eagraíocht do 2026 agus ina dhiaidh sin.

In 2023 ghlac Gaisce le Creat Bainistíochta Riosca lena n-áirítear Clár Riosca Corparáideach nua atá ina mhír bhuan ar an gclár oibre ag cruinnithe na Comhairle. Déantar rioscaí a ghrádú de réir dóchúlachta agus déine, agus áirítear sa chlár meicníocht chun rioscaí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle. Tugtar aon athruithe atá beartaithe ar mheasúnú riosca chuig an gComhairle lena mbreithniú agus lena gcinneadh tríd an bhFo-choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. Chomh maith leis an gComhairle, oibríonn an POF le foireann Gaisce chun réimsí ábhartha riosca chomh maith le stádas na rioscaí a athbhreithniú. Is mír sheasta ar chlár oibre chruinnithe na Comhairle an Clár Riosca

Taifid chuntasaíochta

Is iad na bearta a ghlac na Stiúrthóirí chun comhlíonadh cheanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chinntiú, ag féachaint do thaifid chuntasaíochta a choinneáil, ná cur i bhfeidhm na mbeartas agus na nósanna imeachta riachtanacha chun idirbhearta a thaifeadadh, pearsanra cuntasaíochta cuícháilithe a bhfuil an saineolas cuí acu a fhostú, acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais agus córais chuntasaíochta ríomhairithe a choinneáil. Coinnítear taifid chuntasaíochta na cuideachta in oifig na cuideachta i dTeach Ratra, Bóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 8.

Ráiteas ar fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha

I gcás gach duine de na daoine atá ina stiúrthóirí tráth a gceadaítear an Tuarascáil Stiúrthóirí seo, tá sé deimhnithe:

- chomh fada agus is eol do gach Stiúrthóir, nach bhfuil aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóir na cuideachta ar an eolas fúithi, agus
- gur ghlac gach Stiúrthóir na céimeanna uile ba chóir a bheith glactha mar Stiúrthóir chun a bheith ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus chun a fháil amach cibé an bhfuil iniúchóirí na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Iniúchóiri

Tá na hiniúchóirí, Crowe Ireland, mar atá incháilithe, tar éis a léiriú go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Stádas cánach

Ní thagann aon mhuirear cánach chun cinn mar gur dheonaigh na Coimisinéirí Ioncaim díolúine charthanachta do Ghaisce - Gradam an Uachtaráin.

Alt (5): Forbairtí sa Todhchaí

Is é Uachtarán na hÉireann pátrún Ghaisce. Tá todhchaí Ghaisce ag brath ar chomhaontú ón Uachtaráin leanúint le scéim Ghradam an Uachtaráin. Ina theannta sin, cuireann an Rialtas deontas ar fáil, tríd an Roinn Oideachais agus Óige, i dtreo chostas oibríochta ghníomhaíochtaí Gaisce. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhonn gnóthais leanúnaigh ar an mbonn go leanann an roinn de bheith ag soláthar an mhaoinithe seo a chuirfidh ar chumas Gaisce - Gradam an Uachtaráin leanúint lena hoibríochtaí go ceann i bhfad.

Tráth cheadú na ráiteas airgeadais, tá tionchair mheántéarmacha agus fhadtéarmacha an chostais mhaireachtála chomh maith le himeachtaí géarchéime domhanda eile ina riosca fós. Leanfaidh na Stiúrthóirí d'athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar ioncam, caiteachas agus gníomhaíochtaí buiséadaithe na heagraíochta agus breithneoidh siad an gá atá le bearta ceartaitheacha a dhéanamh.

Thosaigh Gaisce ag cur straitéis nua 5 bliana i dtoll a chéile in 2025. Tógfaidh an straitéis nua ar ár gcuid oibre go dtí seo sna réimsí seo: éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, ábharthacht digiteach, forbairt próifíle, nuálaíochtaí agus deiseanna fáis chun a chinntiú go nglacfaidh go leor daoine óga páirt sa Ghradam. Leanfaimid orainn ag soláthar sparánachtaí chun tacú le rannpháirtíocht chomh maith le comhpháirtíochtaí nua a shaothrú chun seachadadh agus próifíl an Ghradaim a mhéadú. Seolfar straitéis nua Gaisce i ráithe 1 2026.

Alt (6): Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, tá na stiúrthóirí tar éis a roghnú na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus dlí na hÉireann.

Faoi dhlí cuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta do dháta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 ar gach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nótáil; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta charthanúil ag feidhmiú;

Deimhníonn na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta nó go gcuireann sí faoi deara a choinneáil taifid chuntasaíochta leordhóthanacha iina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta na cuideachta i gceart, a chuireann ar a gcumas ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas agus easnamh na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí comhlíontach le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus cumasaíonn siad iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na carthanachta agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh Gréasáin na carthanachta. Féadfaidh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Alt (8) Imeachtaí ó dháta dheireadh na bliana

I gcomhthéacs boilsciú atá ag dul i méid agus imeachtaí ar fud an domhain, tá na Stiúrthóirí aireach go bhfuil an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an eagraíocht neamhchinnte.

Mar thoradh ar bhreithniú, thug na Stiúrthóirí faoi stádas na heagraíochta a mheas, agus chinn siad go bhfuil an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach agus muinín a bheith aici as stádas airgeadais reatha na heagraíochta.

Cheadaigh na Stiúrthóirí an tuarascáil seo an 24 Meitheamh, 2026 agus shínigh na daoine seo a leanas í thar a gceann:



Áine Kerr
Stiúrthóir



Jennifer Gannon
Stiúrthóir

Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Ghaisce - Gradam an Uachtaráin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 a chuimsíonn an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta, a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná ceanglais dhlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' agus Ráiteas an Chleachtais Mholta "Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanachtaí" an dara heagrán atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019.

Inár dtuairim, i gcás na ráiteas airgeadais:

- tugann siad dearcadh fíor agus cothrom ar na sócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail 31 Nollaig 2025 agus ar a ghlanghluaiseacht i gcistí don bhliain dar críoch an uair sin;
- ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' agus Ráiteas an Chleachtais Mholta "Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanachtaí" an dara heagrán atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019;
- ullmhaíodh iad i gcomhréir leis an d'Acht na gCuideachtaí 2014.

An Bonn leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAs (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin s i rannán freagrachtaí an Iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas seo.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte againn chun bonn a chur ar fáil dár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, thángamar ar an gconclúid go bhfuil an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais iomchuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a tharraingt ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar a n-údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna hailt ábhartha den tuarascáil seo.

Eolas eile

Tá na stiúrthóiri freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus Tuarascáil ár nIniúchóirí ar an gcéanna. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orainn an fhaisnéis eile a léamh, agus a bhreithniú lena linn cibé acu an bhfuil an fhaisnéis neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó a dhealraíonn a bheith míráite go hábhartha. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó míráiteas ábhartha dealraitheach, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha den fhaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtuigimid go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fhíric sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí 2014

Tuairiscímid, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta agus uirthi sin amháin:

- inár dtuairi, tá an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- inár dtuairim, ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme.

Tá gach faisnéis agus míniú a mheasaimid a bheith riachtanach chun críoch ár n-inchóireachta faighte againn.

Inár dtuairim ba leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun na ráitis airgeadais a chur á n-iniúchadh go héasca agus i gceart agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na cuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níl aon mhíráiteas ábhartha sainaitheanta againn i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orainn tuairisc a thabhairt daoibh mura ndéantar, dar linne, na nochtuithe ar luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a chinneann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus as ábhair a bhaineann leis an ngnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme agus bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid mura bhfuil sé ar intinn ag an mbainistíocht an chuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó nach aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an Iniúchóra as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus Tuarascáil Iniúchóra a eisiúint ina gcuimsítear ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh de réir ISAs (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar gur ráitis ábhartha iad, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, má mheastar go bhfuil ionchas réasúnta ann go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamúla úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b23890131cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf. Tá an cur síos seo mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus cé dóibh a bhfuil ár gcuid freagrachtaí faoi chomaoin againn

Cuirtear ár dtuarascáil ar aghaidh chuig comhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a gceanglaítear orainn a lua leo i dTuarascáil an Iniúchóra a lua le comhaltaí na cuideachta agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn aon fhreagracht i leith duine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí ar thángamar orthu.

Síniú: Aidan Ryan

Aidan Ryan

Ar son agus thar ceann Crowe Ireland
Cuntasaóirí Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla,
40 Bóthar Mespil
BAC 4
D04 C2N4

Dáta: 1 Iúil 2026

RÁITEAS AR AN IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2025

Ioncam ó:	Nóta	Cistí neamhshrianta 2025	Cistí srianta 2025	Iomlán na gCistí 2025	*Iomlán na gCistí 2024*
		€	€	€	€
Gníomhaíochtaí Carthanúla	4	397,404	1,269,652	1,667,056	*1,435,929*
Ioncam iomlán		397,404	1,269,652	1,667,056	*1,435,929*
Caiteachas ar:					
Airgead a Bhailiú	5	52,959		52,959	*50,606*
Gníomhaíochtaí Carthanúla	6	176,430	1,390,714	1,567,144	*1,400,209*
Caiteachas iomlán		229,389	1,390,714	1,620,103	*1,450,815*
Glaniomcam (caiteachas)		168,015	(121,062)	46,953	*(14,886)*
Aistrithe idir cistí	15	(157,535)	157,535		
Glanghluaiseacht i gcistí		10,480	36,473	46,953	*(14,886)*
Réiteach cistí:					
Iomlán na gcistí a tugadh ar aghaidh	15	571,289	71,352	642,641	*657,527*
Iomlán na gcistí a tugadh ar aghaidh		581,769	107,825	689,594	*642,641*

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí ar leathanaigh 38 go 47

Clár Comhardaithe
AR AN 31 NOLLAIG 2025

		2025		*2024*	
	Nóta	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	11		15,939		4727
Sócmhainní reatha					
Stoic	12	23,799		*23,602*	
Féichiúnaithe	13	36,597		*33,819*	
Airgead tirim sa bhanc agus sa lámh		801,955		*645,078*	
		862,351		*702,499*	
Creidiúnaithe: mMéideanna a dhlífear laistigh de bhliain	14	(188,696)		*(64,585)*	
Glansócmhainní reatha			673,655		*637,914*
Glansócmhainní			689,594		*642,641*
Cistí Carthanais					
Ciste neamhshrianta	15		581,769		*571,289*
Cistí srianta	15		107,825		*71,352*
Iomlán na gCistí			689,594		*642,641*

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar 24 Meitheamh 2026 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a gceann:

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí ar leathanaigh 45 go 52.

Áine Kerr - Stiúrthóir

Jennifer Gannon - Stiúrthóir

RÁITEAS AR NA SREAFAÍ AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2025

	Nóta	2025 €	*2024* €
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Glanairgead tirim a gineadh ó/(a úsáideadh i) ngníomhaíochtaí oibriúcháin	17	179,706	*(9,110)*
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach		(22,829)	(2,163)
Glan-airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta		*(22,829)*	*(2,163)*
Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain		156,877	*(11,273)*
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid a tugadh ar aghaidh		645,078	*656,351*
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid a tugadh ar aghaidh	18	801,955	*645,078*

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí ar leathanaigh 38 go 47.

1. Faisnéis ghinearálta

Is í Gaisce - Gradam an Uachtaráin - (an carthanas) gradam náisiúnta óige na hÉireann agus an t-aitheantas is airde ar thionscnamh, ar ghnóthachtáil agus ar rannpháirtiú deonach an duine óig.

Is iad na ráitis airgeadais seo, ina bhfuil an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta suntasacha, na ráitis airgeadais aonair de chuid Gaisce - Gradam an Uachtaráin - Gradam an Uachtaráin don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2025.

Is cuideachta theoranta de réir ráthaíochta í Gaisce - Gradam an Uachtaráin - Gradam an Uachtaráin (cláraithe faoi Chuid 18 d'Acht na gCuideachtaí 2014) atá corpraithe agus cláraithe i bPoblacht na hÉireann (uimhir CRO 251020). Is é Teach Ratra, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath D08YD62 an oifig chláraithe.

2. Beartais Chuntasaíochta

2.1. 2.1.An bonn le hullmhú na ráiteas airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus reacht na hÉireann ina bhfuil Acht na gCuideachtaí 2014 agus ag tagairt do Ráiteas an Chleachtais Mholta (SORP) Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanachtaí arna eisiúint ag Coimisinéir na gCarthanas sa Ríocht Aontaithe (an 'SORP Carthanachtaí').

Ceanglaítear meastacháin chuntasaíocht a úsáid agus ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir
FRS 102. Ceanglaítear freisin ar an mbainistíocht breithiúnas a fheidhmiú agus beartais chuntasaíochta na carthanachta á gcur i bhfeidhm (féach nóta 3).

Comhlíonann Gaisce - Gradam an Uachtaráin - sainmhíniú an eintitis leasa phoiblí faoi FRS 102. Aithnítear sócmhainní agus dliteanais ar dtús ag costas stairiúil nó luachanna idirbhirt mura luaitear a mhalairt sna nótaí ábhartha beartais chuntasaíochta.

Leagtar amach thíos príomhbheartais chuntasaíochta na carthanachta.

2.2 Ioncam

Léiríonn ioncam maoiniú a fuarthas agus a fhaightear ón Roinn Oideachais agus Óige agus ó imeachtaí bailithe airgid, tabhartais charthanachta agus ús tuillte. Tá aon bhailiú airgid teoranta don chuspóir ar a bhfuil sé bailithe. Eascraíonn an t-ioncam go léir ó phríomhghníomhaíocht na cuideachta.

2.3 Deontais

Tá srian ar dheontais a fhaightear ón Roinn Oideachais agus Óige agus ní féidir iad a úsáid mar urrús d'aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Oideachais agus Óige.

2.4 Ús infhála

Cuirtear ús ar chistí atá i dtaisce san áireamh nuair is féidir é a fháil agus nuair is féidir leis an gcarthanas an méid a thomhas go hiontaofa; de ghnáth, déantar é seo nuair a thugtar fógra faoin ús a íocadh nó atá iníoctha ag an mBanc.

2.5 Caiteachas

Aithnítear caiteachas a luaithe a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach ann sochar eacnamaíoch a aistriú chuig tríú páirtí, nuair is dócha go mbeidh gá le haistriú sochar eacnamaíoch mar shocraíocht agus gur féidir méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa. Aicmítear caiteachas de réir gníomhaíochta. Tá costais gach gníomhaíochta comhdhéanta de iomlán na gcostas díreach agus na gcostas comhroinnte, lena n-áirítear costais tacaíochta a bhaineann le gach gníomhaíocht a dhéanamh. Leithdháiltear costais dhíreacha atá inchurtha i leith aon ghníomhaíochta go díreach ar an ngníomhaíocht sin. Déantar costais chomhroinnte, a rannchuidíonn le níos mó ná gníomhaíocht amháin agus costais tacaíochta, nach bhfuil inchurtha i leith aon ghníomhaíochta amháin, a chionroinnt idir na gníomhaíochtaí sin ar bhonn atá comhsheasmhach le húsáid acmhainní.

Is iad costais tacaíochta na costais sin a thabhaítear go díreach chun tacú le caiteachas ar chuspóirí na carthanachta agus áirítear leo bainistíocht tionscadail a dhéantar inár bpríomhoifig i dTeach Ratra, Bóthar Thuaidh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8.

Is iad costais a bhaineann le cistí a ghiniúint costais a thabhaítear chun ioncam deonach a mhealladh, agus na costais sin a thabhaítear i ngníomhaíochtaí trína mbailítear cistí.

Is éard is gníomhaíochtaí carthanúla agus costais rialachais ann ná costais a thabhaítear ar oibríochtaí oideachais na carthanachta, lena n-áirítear costais tacaíochta agus costais a bhaineann le rialachas an charthanais a chionroinntear ar ghníomhaíochtaí carthanúla.

2.6 Sochair fostaí

Cuireann an chuideachta sochair ar fáil d'fhostaithe, lena n-áirítear socruithe saoire íoctha agus rochtain ar phlean pinsin.

(i) Sochair ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadais chomhchosúla eile, mar chostas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

(ii) Pleananna pinsin
Oibríonn Gaisce scéim pinsin ranníocaíochta sainithe d'fhostaithe a thosaigh a dtréimhse fostaíochta leis an eagraíocht roimh 2014. Is ionann an ranníocaíocht a dhéanann an eagraíocht agus dhá oiread ranníocaíocht na mball foirne rannpháirteach, suas le huasmhéid de 13% den tuarastal comhlán. Ceanglaítear ar bhaill foirne atá fostaithe ón 1 Eanáir 2014 ranníocaíocht a dhéanamh leis an Scéim Pinsin Earnála Poiblí Aonair (SPSPS). Ní dhéanann an eagraíocht ranníocaíocht airgeadais leis an SPSPS.

Is plean pinsin é plean ranníocaíochta sainithe faoina n-íocann an chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach i gciste ar leith. Faoi phleananna ranníocaíochta sainithe, níl aon oibleagáidí dlíthiúla ná cuiditheacha ar an gcuideachta ranníocaíochtaí breise a íoc mura bhfuil dóthain sócmhainní ag an gciste chun na sochair a bhaineann le seirbhís fostaí sna tréimhsí reatha agus roimhe seo a íoc le gach fostaí. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostas sochair fostaí nuair a bhíonn siad dlite.

2.7 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Taifeadtar gach sócmhainn sheasta ar dtús ag costas stairiúil. Áirítear leis an gcostas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thabhairt chuig an suíomh agus an riocht is gá chun go mbeidh sí in ann feidhmiú mar atá beartaithe ag an mbainistíocht.

2.7 2.6Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas (ar leanúint)

Gearrtar dímheas chun costas sócmhainní, lúide a luach iarmharach, a leithdháileadh thar a saolré úsáideach measta, ag baint úsáid as an modh líne dhírí. Soláthraítear dímheas ag na rátaí seo a leanas:

Trealamh oifige - 33.33% líne dhírí

Forbairt Suíomh Gréasáin - 33.33% líne dhírí

Forbairt Bogearraí - 20% líne dhírí

Déantar luachanna iarmharacha, saolréanna úsáideacha agus modhanna dímheasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más cuí, nó má thugtar le fios go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an dáta tuairiscithe deiridh. Cinntear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairt trí na fáltais a chur i gcomparáid leis an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad i ráiteas na ngníomhaíochtaí airgeadais.

2.8 Lagú sócmhainní seasta

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta le haghaidh lagú aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí nach féidir an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní a méid inaisghabhála.

2.9 Stoic

Déantar stoic a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, tar éis lamháil chuí a dhéanamh do stoic atá imithe i léig agus stoic a ghluaiseann go mall. Áiríonn costas na costais dhíreacha go léir agus cion cuí d'fhorchostais sheasta agus athraitheacha.

2.10 Féichiúnaithe

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile ag an méid socraíochta tar éis aon lascaine trádála a thairgtear. Déantar réamhíocaíochtaí a luacháil ag an méid réamhíoctha glan ar aon lascainí trádála atá dlite.

2.11Airgead tirim sa bhanc agus salámh

Áirítear le hairgead sa bhanc agus airgead ar láimh airgead tirim agus infheistíochtaí ardleachta gearrthéarmacha a bhfuil aibíocht ghearr trí mhí nó níos lú acu ó dháta fála nó oscailt an chuntais taisce nó cuntas comhchosúil.

2.12 Dliteanais agus forálacha

Aithnítear caiteachas a luaithe a bhíonn oibleagáid ar dháta an chláir chomhardaithe mar thoradh ar imeacht roimhe seo, is dócha go mbeidh gá le haistriú sochar eacnamaíoch mar shocraíocht agus gur féidir méid na hoibleagáide a thomhas go hiontaofa. Aithnítear dliteanais ag an méid a mheasann an carthanas a íocfaidh sé chun an fiach a ghlanadh nó an méid a fuair sé mar réamhíocaíochtaí ar na hearraí nó na seirbhísí a chaithfidh sé a sholáthar. Déantar soláthairtí a thomhas ag an meastachán is fearr ar na méideanna is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. I gcás ina bhfuil éifeacht luach ama an airgid ábhartha, bunaítear an soláthar ar luach láithreach na méideanna sin, lascainithe ag an ráta lascaine réamhchánach trína léirítear na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Aithnítear scor an lascaine laistigh den ús iníoctha agus muirir den sórt céanna.

2.13 Ionstraimí airgeadais

Níl ag an gcarthanas ach sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais de chineál a cháilíonn mar bhunionstraimí airgeadais. Aithnítear bunionstraimí airgeadais ar dtús ag luach an idirbhirt agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag a luach socraíochta seachas iasachtaí bainc a thomhaistear ina dhiaidh sin ag costas amúchta ina n-úsáidtear an modh úis éifeachtaigh.

2.14 Cuntasaíocht cistí

Is cistí neamhshrianta iad cistí ginearálta atá ar fáil le húsáid faoi rogha na stiúrthóirí chun cuspóirí ginearálta an charthanais a chur chun cinn agus nach bhfuil ainmnithe chun críocha eile.

Is éard is cistí srianta ann cistí atá le húsáid de réir srianta sonracha arna bhforchur ag deontóirí nó atá bailithe ag an gcarthanas chun críocha ar leith. Cuirtear na costais a bhaineann le cistí den sórt sin a chruinniú agus a riar in aghaidh an chiste ar leith. Tá aidhm agus úsáid gach ciste srianta leagtha amach sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

2.15 Gnóthas leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh (gheofar sonraí breise i nóta 3).

3. Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus príomhfhoinsí na héiginnteachta i ndáil le meastacháin

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais seo ar an mbainistíocht breithiúnas, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar fheidhmiú polasaithe agus méideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus bunaítear iad ar eispéiris stairiúla agus fachtóirí eile, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí sa todhchaí a chreidtear a bheith réasúnach faoi na himthosca.

Mar chuid den iniúchadh don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2025, bhreithnigh an fo-choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca agus an POF réamhaisnéis bhuiséid agus sreabhadh airgid na heagraíochta do 2027. Maidir leis an dá bhliain, glacadh cur chuige stuama chun an buiséad agus an sreabhadh airgid a ullmhú, maidir le hioncam deontais atá daingnithe nó ceadaithe cheana féin agus meastachán coimeádach ar ioncam táillí bunaithe ar bhlianta iarbhír roimhe sin a áireamh. Ag eascairt as a bhreithnithe, níor aithníodh aon mheastacháin bhreise ná aon phríomhfhoinsí éiginnteachta meastacháin ba chóir a nochtadh i nóta leis na ráitis airgeadais.

Saolréanna sócmhainní seasta inláimhsithe a bhunú chun críocha dímheasa

Cuid shuntasach de na sócmhainní iomlána is ea na sócmhainní fadsaoil, comhdhéanta de mhaoin, innealra agus trealamh. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin de na luachanna iarmharacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar shaolré na sócmhainní seo agus athraítear iad de réir mar is gá chun léiriú a thabhairt ar na tuairimí reatha ar an saolré atá fanta i bhfianaise an úsáid eacnamaíoch a mheastar a bhainfear astu agus staid fhisiciúil na sócmhainní i dtrácht. Is féidir go mbeidh tionchar suntasach ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar mhuirir dímheasa agus amúchta sa tréimhse. Áirítear sonraí na saolréanna ionchais sna beartais chuntasaíochta.

Lagú stoic

Bhí stoc ar fiú €23,798 (2024: €23,602) é i seilbh na cuideachta ag dáta dheireadh na bliana. Tá na stiúrthóirí den tuairim gur cuireadh san áireamh go leordhóthanach an fhéidearthacht go bhféadfaí stoic a dhíol ar airgead faoi bhun an chostais. Mar sin féin, tá éiginnteacht ag baint leis an meastachán seo.

3. Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus príomhfhoinsí na héiginnteachta i ndáil le measteacháin (ar leanúint

Gnóthas leantach

Tá buiséid agus sreafaí airgid ullmhaithe ag na Stiúrthóirí do thréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais. Tá cur chuige coimeádach ag an eagraíocht faoina léirítear féinmhuinín na heagraíóchta nach sáróidh a caiteachas a hioncam le linn na tréimhse seo. Ina theannta sin, tá an eagraíocht sásta, má athraíonn an timpeallacht agus an réamhaisnéis go suntasach, go soláthróidh cúlchistí na heagraíochta ioncam cúltaca. Le chéile, léiríonn sé seo nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas na cuideachta a dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanteach.

Ar an mbonn seo, measann na stiúrthóirí go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áiríonn na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na méideanna a iompráfar agus ar rangú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura raibh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh.

4. Ioncam ó ghníomhaíochtaí carthanúla

	Gan srian 2025	Srianta 2025	Iomlán 2025	*Iomlán 2024*
	€	€	€	*€*
An Roinn Oideachais agus Óige:				
- Príomh (Croí) dheontas	-	972,722	972,722	*926,402*
- Cothrom 40 bliain aon uaire	-	65,000	65,000	-
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta	-	25,000	25,000	-
- DEY Capital	-	22,830	22,830	-
- Ioncam a fuarthas chun dliteanais iarfhoireann ASC a íoc	-	-	-	*10,841*
Táillí Rannpháirtithe	372,925	-	372,925	*340,193*
Cúnamh Éireannach (An Roinn Gnóthaí Eachtracha)	-	40,000	40,000	-
Ciste Naomh Pádraig	-	3,000	3,000	-
Ioncam eile	24,479	-	24,479	*12,532*
Bronntanas daonchairdiúil	-	126,100	126,100	*124,100*
An tSeirbhís Príosúin	-	15,000	15,000	*21,861*
	397,404	1,269,652	1,667,056	*1,435,929*

5. Costais cistí a bhailiú

	Gan srian 2025	Srianta 2025	Iomlán 2025	*Iomlán 2024*
	€	€	€	€
Costais dhíreacha:				
Costais foirne	52,054	-	52,054	*49,720*
	52,054	-	52,054	*49,720*
Costais tacaíochta:				
Dlíthiúil & Gairmiúil	199	-	199	*259*
Leabharchoimeád	69	-	69	*82*
Costais a bhaineann le réadmhaoin	150	-	150	*92*
Soláthairtí oifige/lónadóireacht	51	-	51	38
Teileafón, Idirlíon & Cumarsáid	206	-	206	*209*
Tacaíocht T.F.	230	-	230	*205*
	905	-	905	*886*
Costais Iomlána	52,959	-	52,959	*50,606*

6. Caiteachas carthanúil

	Unrestricted 2025 €	Restricted 2025 €
Costais dhíreacha:		
Costais foirne	-	762,374
Taisteal Foirne	-	56,188
Oiliúint Foirne	-	5,226
Earcú Foirne	-	748
Costais a bhaineann le réadmhaoin	-	13,494
Árachas	-	27,280
CRM/Córas ar Line	-	22,518
T.F. Tacaíocht	-	23,550
Teileafón, Idirlíon & Cumarsáid	-	18,557
Postas/Cúiréir	-	15,088
Ceannairí Ghradam an Uachtaráin / Oiliúin, Tacaíochta agus Costais do Shaorálaithe	-	26,245
Caidreamh poiblí, fógraíocht, margaíocht & comhdhálacha	-	120,032
Forbairt Gnó	-	29,736
Muirir Bhainc	-	353
Boinn, Teastais & Searmanais Ghradaim	-	73,007
Soláthairtí oifige/Lónadóireacht	-	6,043
Costais Dhíreacha Eile	-	55,482
Dlíthiúil & Gairmiúil	-	17,913
Tacaíochtaí do rannpháirtithe	-	88,463
Feachtais	-	-
Dímheas	-	11,617
Dímheas	-	-
Aisíocaíochtaí ASC le hiar-bhaill foirne	-	-
	-	1,373,914

6. Caiteachas carthanúil

	2025	2025	2025	*2024*
	€	€	€	€
Costais tacaíochta:				
Costais foirne	167,908	-	167,908	*160,141*
Dlíthiúil & Gairmiúil	1,791	-	1,791	*2,335*
Táillí iniúchóireachta	-	10,959	10,959	*14,738*
Leabharchoimeád	990	5,841	6,831	*8,126*
Costais a bhaineann le réadmhaoin	1,350	-	1,350	*830*
Soláthairtí oifige/lónadóireacht	461	-	461	*344*
Teileafón, Idirlíon & Cumarsáid	1,856	-	1,856	1,880
T.F.	2,074	-	2,074	*1,850*
	176,430	16,800	193,230	*190,244*
Costais Iomlána	176,430	1,390,714	1,567,144	*1,400,209*

7. Glaniomcam/chaiteachas

Bíonn sé seo ráite tar éis muirearú:	2025	*2024*
	€	*€*
Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe seasta	11,617	*8,344*

8. Tuarastal agus idirbhearta na stiúrthóirí

Ar bhonn ex-gratia amháin a sholáthraíonn stiúrthóirí a gcuid seirbhísí. Níor aisíocadh aon costais theagmhasacha le linn na bliana a rinneadh dóibh (2024: Dada).

9. Líon foirne agus costais

Ba é 19 meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gcarthanas sa bhliain airgeadais (2024: 19).

Seo a leanas líon na bhfostaithe a raibh a luach saothair (gan costais phinsin an fhostóra san áireamh) os cionn €60,000 acu:

	2025 Ní raibh.	2024 Ní raibh.
€60,001 - €70,000	6	5
€70,001 - €80,000	-	-
€80,001 - €90,000	1	1
€90,001 +	-	-

Seo a leanas na costais foirne:	2025 €	*2024* *€*
Pá agus tuarastail	859,765	*831,822*
Costais slándála sóisialta	94,370	*89,881*
Costais pinsin	26,448	*26,048*
Iomlán	980,583	*947,751*

I measc na bpríomhphearsanra bainistíochta tá an POF agus an fhoireann bhainistíochta arb é an sochar iomlán dóibh in 2025 €273,157 (2024: €206,800), arb ionann iad agus ceathrar ball foirne lánaimseartha. Ní áirítear sna figiúirí ranníocaíocht pinsin an fhostóra toisc gur baill den Scéim Pinsin Aonair Earnála Poiblí iad an fhoireann bhainistíochta, nach ndéanann an fostóir ranníocaíocht maidir léi.

10. Cánachas

Deonaíodh stádas carthanachta don chuideachta agus mar sin níl sí faoi dhliteanas cánach corparáide. Comhlíonann sí ciorcláin chánach ábhartha lena n-áirítear ciorclán 44/2006 "Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí Cineálacha Comhchosúla". Is é CHY8482 a huimhir thagartha.

11. Sócmhainní seasta inláimhsithe

	Troscán oifige	Forbairt suíomh gréasáin	Forbairt Bogearraí	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Ag 1 Eanáir 2025	230,336	49,327	12,300	291,963
Breiseanna	22,829	-	-	22,829
Diúscarthaí	(149,578)			149,578)
Ag Dé Céadaoin 31 Nollaig 2025	103,587	49,327	12,300	*165,214*
Dímheas				
Ag 1 Eanáir 2025	225,609	49,327	12,300	*287,236*
Muirear don bhliain	11,617	-	-	*11,617*
Diúscarthaí	(149,578)	-	-	*(149,578)*
Ag Dé Céadaoin 31 Nollaig 2025	87,648	49,327	12,300	*149,275*
Glanluach na Leabhar				
Ag Dé Céadaoin 31 Nollaig 2025	15,939			*15,939*
Ag Dé Máirt 31 Nollaig 2024	*4,727*			*4,727*

12. Stoic

	2025	*2024*
	€	€
Earraí críochnaithe - Boinn/Bioráin	**23,799**	***23,602***

Ní mheastar costas athshláthair a stoic a bheith difriúil go hábhartha ón bhfigiúr a thaispeántar thuas.

13. Féichiúnaithe

	2025	*2024*
	€	€
Réamhíocaíochtaí	125	*1,598*
féichiúnaithe	36,472	*32,221*
Iomlán	36,597	*33,819*

14. Creidiúnaithe: Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain

	2025	*2024*
	€	€
Creidiúnaithe trádála	36,485	*16,298*
Cánacha párolla	22,541	*22,839*
Creidiúnaithe eile	830	*830*
Ioncam iarchurtha	100,000	-
Fabhruithe	28,840	24,618
	188,696	*64,585*

15. Ráiteas ar chistí

	Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2025	*Ioncam*	*Caiteachas*	*Aistrithe idir cistí*	*Iarmhéid ar 31 Nollaig 2025*
	€	€	€	€	€
Cistí neamhshrianta					
Cistí ginearálta	571,289	397,404	*(229,389)*	*(157,535)*	*581,769*
Cistí srianta	71,352	1,269,652	(1,390,714)	157,535	107,825
Iomlán na gcistí	642,641	1,667,056	(1,620,103)	-	689,594

Léiríonn an t-iarmhéid ar chistí srianta an 31 Nollaig 2025 cistí a fuarthas le linn 2025 nó i mblianta roimhe sin le haghaidh roinnt tionscadal a bhí fós ar siúl ag deireadh na bliana. Táthar ag súil go gcaithfear na cistí atá fágtha ar na tionscadail seo le linn 2025. Léiríonn an t-aistriú idir cistí méideanna a aistríodh ó chistí neamhshrianta chun cur le gníomhaíochtaí maoinithe srianta.

16. Anailís ar Chistí

	Cistí neamhshrianta 2025 €	Cistí srianta 2025 €	Iomlán na gCistí 2025 €
Sócmhainní inláimhsithe	15,939	-	15,939
Sócmhainní reatha	654,526	207,825	862,351
Creidiúnaithe: mMéideanna a dhlífear laistigh de bhliain	(88,696)	(100,000)	(188,696)
	581.769	107.825	689,594

	Cistí neamhshrianta 2024 €	Cistí srianta 2024 €	Iomlán na gCistí 2024 €
Sócmhainní inláimhsithe	4,727	-	4,727
Sócmhainní reatha	631,147	71,352	702,499
Creidiúnaithe: mMéideanna a dhlífear laistigh de bhliain	(64,585)	-	(64,585)
	571,289	71,352	642,641

17. Réiteach glanghluaiseacht i gcistí le glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2025 €	2024 €
Glan-ioncam/(caiteachas) don bhliain	46,953	*(14,886)*
Coigeartú le haghaidh:		
Muirir dímheasa	11,617	*8,344*
(Méadú)/Laghdú ar stoic	(197)	*4,776*
Méadú ar fhéichiúnaithe	(2,778)	*(16,662)*
Méadú ar chreidiúnaithe	124,111	*9,318*
Glanairgead isteach arna ghiniúint ó/(a úsáideadh in) gníomhaíochtaí oibriúcháin	179,706	*(9,110)*

18. Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid

	2025 €	2024 €
Iarmhéid ag tús na bliana	645,078	*656,351*
Glanmhéadú / (laghdú) ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid	156,877	*(11,273)*
Iarmhéid ag tús na bliana	801,955	*645,078*

19. Gealltanais pinsins

Oibríonn an chuideachta scéim pinsin i gcás fostaithe áirithe. Tá an scéim agus a sócmhainní i seibh iontaobhaithe neamhspleácha. Is ionann an muirear pinsin agus ranníocaíochtaí atá dlite ag an gcuideachta agus b'fhiú €26,448 iad i gcaitheamh na bliana (2024: €26,048).

20. Áitreabh a Chur ar Fáil

Oibríonn an chuideachta as áitreabh atá suite ag Teach Ratra, An Bóthar Thuaidh, Páirc an Fhionnuisce, BÁC 8, atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí. Saor ó chíos a chuirtear an t-áitreabh ar fáil.

21. Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Tá dliteanas gach comhalta teorannaithe go €6 ar a mhéad.

22. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Rinne an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú agus a údarú lena n-eisiúint ar an 24 Meitheamh 2026.

GO RAIBH MAITH AGAT

Focail bhuíochais

Tacaí Príomhúil

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Tacaithe Príomhúla

Irish Aid
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Seirbhís Phríosúin na hÉireann
Irish Prison Service

An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
Department of Justice, Home Affairs and Migration

DUBLIN IRELAND
SAINT PATRICK'S CATHEDRAL DUBLIN

GO RAIBH MAITH AGAT

Ár mbuíochas speisialta leis an Uachtarán Michael D. Ó hUiginn, leis an Uachtarán Caitríona Uí Chonghaile agus le foireann Oifig an Uachtaráin.

Ár mbuíochas lenár gCeannairí iontacha ar fad i nGradam an Uachtaráin, le Comhpháirtithe Ghradam Gaisce agus leis na daoine óga ar fad a chláraíonn agus a chríochnaíonn a nGradam Gaisce. Ár mbuíochas speisialta le baill Chomhairle Gaisce.

Ár mbuíochas freisin lenár lucht tacaíochta daonchairdiúil agus deontais agus lena bhfoireann tacaíochta ríthábhachtach. Ár mbuíochas le Kate Thompson, Stiúrthóir i nGradam Diúc Dhún Éideann/Tionscnamh an Chomhghradaim i dTuaisceart Éireann agus a foireann.

Ár mbuíochas ó chroí lenár nAmbasadóirí Óige Gaisce: Aoibhinn Coffey, Caitlin Curley, Caoilfhinn Young, Conor Dillon, Divine Eugene, Ebunoluwa Jamgbadi, Eimear O'Daly, Eoin Moylan, Killian Burke, Laura Barry, Lucy Mullin agus Sonya Naumova.

Míle buíochas lenár gcomhpháirtithe cláir, comhoibritheoirí agus lucht tacaíochta ar fad in 2025, lena n-áirítear:

Gradam Diúc Dhún Éideann Thuaisceart Éireann; Duais Idirnáisiúnta Diúc Dhún Éideann; Caron McCaffrey agus foireann Sheirbhís Príosúin na hÉireann; Seirbhís Promhaidh na hÉireann; Na Fórsaí Cosanta agus Foireann Dhún Custume, Baile Átha Luain; An Roinn Dlí agus Cirt; foireann Chúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha; ár gComhpháirtithe Comhghradaim i nGasógaíocht Éireann, Banóglaigh na hÉireann agus Banóglaigh Caitliceacha na hÉireann; An Seanadóir Mark Daly agus Fondúireacht Thomas F. Meagher; Tusla; Lorraine Tansey ó Student Volunteer Ireland; Amy Fahy agus a foireann i Scoil Ghnó Ollscoil Mhá Nuad; Donnacha Walsh; an fhoireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath; Catherine O'Byrne agus an fhoireann ag IMMA

Ár mbuíochas le gach duine a chabhraigh linn ár gceiliúradh cothrom 40 bliain a thabhairt chun beatha ar an oiread sin bealaí, lena n-áirítear Anna McHugh ó An Post; Peadar Ó Lamhna; Christine Carty; Andrew Forde; Martina Keane; Benny King; Majella Killeen; Maria Walsh FPE; Sonya Lennon; Marissa Carter; Bernard Jackman; Jim Gavin; Áine Gallagher; Dearbhail McDonald; Joanne Sweeney ón Digital Training Institute; Drury PR; Another Avenue; agus an fhoireann ag iDonate. Buíochas speisialta le Gill Russell, Glenn Sheridan agus Clare Grimshaw ó Craghoppers.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Seamus Wall ó Bradon Accountants; Rúnaithe Cuideachta Beacon; Ceannfort Páirceanna OOP, Richard Norris; Ciaran Baylis ó Ionad Oiliúna Cosanta Sibhialta agus Tracey Fallon ó EirEvo.

Ár mbuíochas lenár Soláthraithe Turas Eachtraíochta ceadaithe go léir as an oiread sin Turas Eachtraíochta a óstáil do rannpháirtithe Gaisce in 2025:

OÉC Acaill, Ionad Surfála Acaill, Grúpa Eachtraíochta an Bhaile Theas, OÉC Bealach Conglais, OÉC Biorra, OÉC Bhoirne, Ionad an Chabháin, Coláiste UISCE, Ionad Saoire Delphi, Eachtraíocht an Chósta Thoir, OÉC Mara Fastnet, OÉC Gartan, OÉC Chill Fhionáin, Killary Adventure Co., OÉC Chionn tSáile, Ionad Gasóg agus Treoraithe Idirnáisiúnta Larch Hill, Eachtraíocht Loch Ailean, Ionad Gasóg agus Éicea Loch Dan, OÉC Petersburg, Eachtraíocht Abhainn Shannon Ltd. agus OÉC Tanagh.

Agus ar deireadh, buíochas lenár gComhpháirtithe Dúshláin Oifigiúla go léir as inspioráid a thabhairt dár rannpháirtithe maidir leis na gníomhaíochtaí is féidir leo a dhéanamh agus iad ag tabhairt faoi Ghradaim Gaisce.

GAISCE
THE PRESIDENT'S
AWARD

Gaisce - Gradam an Uachtaráin, Teach Ratra, An Bóthar Thuaidh,
Páirc an Fhionnuisce, BÁC 8, Éire, D08 YD62

t: +353 1 6171999 | e: info@gaisce.ie | w: www.gaisce.ie

@GaisceAward Gaisce - Gradam an Uachtaráin,
Is cuideachta é Gaisce - Gradam an Uachtaráin atá teoranta le ráthaíocht (CRO 251020)
agus a bhfuil uimhir CHY agus CRA aici (8482 agus 20020903 faoi seach).
Is é Teach Ratra, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath D08YD62 ár seoladh cláraithe.